

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

2010–2011



Taxi Regulator
An Rialálaí Tacsaithe



Commission For Taxi Regulation
An Coimisiún Um Rialáil Tacsaithe



Tá an comhthéacs i dtaca le clár na ngníomhartha san fhoilseachán seo inár Ráiteas Straitéise 2010–2014. Tá an Ráiteas Straitéise ar fáil ar líne ag www.taxiregulator.ie. Cuir scairt ar 1890 347 347 le haghaidh leagan clóite.

Ár bhFís

Is í ár bhfís go mbeidh feithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSVanna) ar an gcéadrogha iompair in Éirinn agus go n-aithneofar tionscal SPSV na hÉireann go hidirnáisiúnta mar sholáthróir ardghairmiúil iompair a chuireann seirbhísí comhtháite inrochtana ar fáil.

Ár Misean

Is é misean an Choimisiúin, agus sinn ag obair chun leasa ár bpáirtithe leasmhara:

- Creatlach rialála a chur ar fáil a chumasaíonn sealbhóirí ceadúnais SPSV comhlíontacha agus gairmiúla seirbhís den scoth atá éifeachtach, sábháilte, inrochtana agus áisiúil don chustaiméir a chur ar fáil;
- Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí SPSV a éascú, daoine faoi mhíchumas san áireamh;
- Caighdeáin fheabhsaithe cháilíochta a chur chun cinn; agus
- Comhcheangal seirbhísí SPSV sa chóras iompair phoiblí a chur chun cinn.

Clár Ábhar

Teachtaireacht ón gCoimisinéir	2
Léargas Ginearálta ar Chuspóirí Straitéiseacha, ar Spriocanna agus ar Ghníomhartha an Choimisiúin 2010–2011	5
An Plean Gníomhaíochta a Bhaint Amach	7
Na gníomhartha a thacaíonn le cúig chuspóir straitéiseacha an Choimisiúin	
— Leanúint le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála don tionscal SPSV in Éirinn	9
— Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeáin SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas	17
— An dearbhú cáilíochta le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais	23
— Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus bheith rannpháirteach leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn	26
— Comhcheangal seirbhísí SPSV leis an gcóras níos leithne iompair a chur chun cinn	30
Na gníomhartha a thacaíonn le cumas an Choimisiúin spriocanna a bhaint amach	33
Gluais	38
Aguisín 1: An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe	40

Teachtaireacht ón gCoimisinéir

Cuid an-tábhachtach dár bpleanáil chun tosaigh é Plean Gníomhaíochta. Tugann sé deis dúinn spriocanna intomhaiste a leagan amach trínar féidir linn na cuspóirí agus na spriocanna a shonraítear i *Ráiteas Straitéise 2010–2014* an Choimisiúin a bhaint amach.

Leagadh spriocanna uailmhianacha i roinnt réimsí amach inár bPlean Gníomhaíochta deireanach (2008–2009), go háirithe maidir le caighdeán agus le scileanna. Mar gheall air seo, tugadh isteach ceadúnú oibreoirí seachadta, caighdeán nua feithicle agus clár nua um fhorbairt scileanna tiománaí. Tugadh aghaidh ar chúrsaí ceadúnaithe agus ar chúrsaí comhlíonta sa tréimhse seo freisin. Tugadh tuairisciú orthu seo i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin agus i nuachtlitreacha an tionscail.

Tá an chreatlach rialála do thionscal na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSV) in Éirinn bunaithe go daingean anois agus tá sí bunaithe ar ardchaighdeán iontrála agus athnuachana do thiománaithe agus d'fheithiclí araon. Agus sinn ag dul ar aghaidh lenár gcéad Phlean Gníomhaíochta eile, leanfaimid orainn ag cur na gcóras ceadúnaithe agus comhlíonta atá ann i láthair na huaire chun feabhais. Leagfaimid béim ar leith ar idirchaidreamh le páirtithe leasmhara, ar fheabhsú caighdeán agus ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí SPSV do gach tomhaltóir.

Tá cúig phríomhchuspóir straitéiseacha i *Ráiteas Straitéise 2010–2014* an Choimisiúin:

- 1 Leanúint le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála do SPSVanna in Éirinn**
- 2 Rochtain an uile úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeán SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas**
- 3 An dearbhú cáilíochta le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais**
- 4 Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn**
- 5 Comhcheangal seirbhísí SPSV leis an gcóras níos leithne iompair a chur chun cinn**

Tá mionléargas ginearálta sa cháipéis seo ar na gníomhartha dul chun cinn atá beartaithe ag an gCoimisiún i gcaitheamh 2010–2011 leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Cuireann na gníomhartha a shainaithear in iúl gur clár uailmhianach oibre atá ann don tréimhse

dhá bhliain agus braithfidh an dul chun cinn ar roinnt tosca, go háirithe staid bhuiséid an Choimisiúin agus rochtain ar acmhainní fóna daonna agus teicniúla.

Leis na gníomhartha seo a chur chun cinn, tá sé de mhian ag an gCoimisiún trí phríomhthoradh a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2011, mar atá: daingniú na bpróiseas agus na gcóras atá ann san am i láthair; cur chun cinn tionscnamh nua; agus comhcheangal breise seirbhísí SPSV sa ghréasán níos leithne iompair. Beidh na forbairtí uile sna réimsí seo faoi réir próis chuí agus ceapfar iad ar aon dul le modheolaíochtaí dea-chleachtais rialála.

Daingniú na gcóras atá ann i láthair na huaire

Tá na seirbhísí ceadúnaithe, comhlíonta agus faisnéise a chuir an Coimisiún i bhfeidhm le cúig bliana anuas ag feidhmiú ina n-iomláine agus leanfaidh an Coimisiún orthu ag feidhmiú, ag athbhreithniú agus ag feabhsú na seirbhísí sin d'fhonn an freastal is fearr agus is féidir a dhéanamh ar riachtanais sealbhóirí ceadúnais agus tomhaltóirí.

Cuirfidh an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar na coinníollacha reatha ceadúnaithe i ngach réimse rialála – ceadúnú feithiclí, ceadúnú tiománaithe agus ceadúnú oibreoirí seachadta. Meastar go sainaithneofar tuilleadh riachtanas nó rialuithe riaracháin i dtorthaí an athbhreithnithe seo a rachadh chun tairbhe don chreatlach rialála na SPSV agus a chinnteodh go mbeadh an chreatlach cheadúnaithe chomh héifeachtach, chomh comhréireach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Déanfar measúnú ar leith nuair is cuí ar na catagóirí éagsúla ceadúnas feithicle – tacsáí, tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí, fruilcharr, fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí agus limisín. Chomh maith leis sin, déanfar machnamh ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta san athbhreithniú le heolas a thabhairt i leith feabhsúcháin bhreise ar bith agus ionchorprófar sainchomhairliúchán ina iomláine le gach páirtí leasmhar ábhartha.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an tsamhail chomhlíonta atá ann i láthair na huaire leis an úsáid is fearr as na hacmhainní teoranta atá ar fáil a dhéanamh

amach. Áireofar leis an athbhreithniú seo measúnú ar chleachtais oibre atá ann faoi láthair agus ar chleachtais oibre a bheartaítear, ar bhailiú agus ar dháileadh sonraí agus ar smachtbhannaí.

Dul chun cinn tionscnamh nua

Leagtar roinnt tionscnaimh nua amach sa cháipéis seo ar cheart dóibh eanáil na SPSV a chur ar aghaidh i dtreo fhís an Choimisiúin, i dteannta chroifheidhmeanna an Choimisiúin.

Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar cibé acu an féidir nó nach féidir ceadúnas cabhlaigh a thabhairt isteach agus ar an gcur chuige is fearr faoina choinne. Ba cheart go ligfeadh an ceadúnas cabhlaigh a bheartaítear do cheadúnú agus d'athnuachan éifeachtúil ceadúnas ilfheithicle faoi úinéireacht duine amháin nó faoi úinéireacht aonáin. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé ina bhunús le trédhearcacht agus freagracht níos fearr don eanáil chiosa trí mhonatóireacht agus trí rialuithe feabhsaithe.

Leanfaidh an Coimisiún orthu ag glacadh páirte i ngrúpa oibre na nGarda/an Choimisiúin atá ag déanamh machnaimh ar chur i bhfeidhm alt 36 san am i láthair, aistriú riaracháin i leith ceadúnú tiománaithe don Choimisiún, agus tuilleadh feabhsúcháin ar choinníollacha agus ar phróisis i leith ceadúnú tiománaithe. Cuspóir an Choimisiúin le fada an lá an riarachán i leith ceadúnú tiománaithe na SPSV a ghlacadh chucu féin. Braitheann sé seo ar cibé acu an bhfaigheann nó nach bhfaigheann an Coimisiún na hacmhainní a theastaíonn le tacú leis an ngníomhaíocht seo a bhfuil an Roinn Iompair ag déanamh machnaimh uirthi. Idir an dá linn, tá an Coimisiún i mbun idirchaidreamh gníomhach leis an nGarda Síochána leis an aistriú seo a phleanáil.

Ar aon dul le beartas níos leithne an Rialtais i leith ríomh-Rialtais agus seirbhísí roinnte, méadóidh an Coimisiún an oiread seirbhísí ar líne atá ar fáil do shealbhóirí ceadúnais agus do thomhaltóirí.

Leanfaidh an Coimisiún orthu ag spreagadh soláthar seirbhísí SPSV lán-inrochtana. Ó mhí an Mheithimh 2010 ar aghaidh, níor mhór go mbeadh feithicil ag gach iarratasóir ar cheadúnas nua tacsáí agus fruilchair a bhaineann riachtanais an Choimisiúin amach maidir le feithicilí inrochtana. Ag an am céanna, tá an Coimisiún sa tóir ar fhorhmeas um chúnamh airgeadais i rith an ama d'oibreoirí feithicle atá oiriúnach do chathaoir rothaí ionas go mbeidh siad in ann a gcuid feithicilí a uasghrádú le riachtanais an Choimisiúin a bhaint amach faoin mbliain 2012. Déanfaidh an Coimisiún grinnmhonatóireacht ar an oiread feithicilí inrochtana sa chabhlach agus an t-eolas

seo a chur faoi bhráid na Roinne Iompair. Tá an-imní ar an gCoimisiún go dtiocfaidh laghdú millteanach mór ar an gcabhlach oiriúnach do chathaoir rothaí faoi láthair de bharr easpa maoinithe d'oibreoirí reatha feithicle atá oiriúnach do chathaoir rothaí.

Anuas air sin, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar shainchomhairliúcháin nua maidir le caighdeáin feithicle. Déanfar machnamh ar chaighdeáin feithicle san am i láthair agus amach anseo sa sainchomhairliúcháin agus déanfar imscrúdú ar leasuithe agus ar fheabhsúcháin fhéideartha ar chaighdeáin feithicle i gcabhlach lán na SPSV.

Comhcheangal seirbhísí SPSV sa chóras níos leithne iompair

I rith shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo, beidh an Coimisiún i mbun pleanála ar a gcomhcheangal leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA). Tugann sainchúram an NTA fiordheis láithreach comhcheangal breise na hearnála SPSV le pleanáil agus le seachadadh an chórais níos leithne iompair a chur chun cinn.

Tá an Coimisiún tiomanta do roinnt gníomhartha le seirbhísí SPSV a ionchorprú níos mó leis an gcóras níos leithne iompair. Sula gcomhcheanglaíonn an Coimisiún leis an NTA, cuirfimid comhghrúpa oibre ar bun le machnamh a dhéanamh ar dheiseanna comhcheangail d'oibreoirí SPSV le beartais níos leithne iompair.

Foilseoidh an Coimisiún an cháipéis, *Treoirlínte Pleanála maidir le Stad Tacsaithe ('Taxi Rank Planning Guidelines')* in 2010. Spreagfaidh na treoirlínte seo dea-phleanáil agus caighdeánú stadanna tacsaithe ar fud na hÉireann. Leagfar béim iontu ar a thábhachtaí atá comhcheangal seirbhísí tacsáí sa chóras iomlán iompair agus soláthrófar modh comhsheasmhach iontu le héileamh, le láthair agus le dearadh stad tacsaithe a dhéanamh amach. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht d'údarais áitiúla ar bhonn leanúnach i dtaca le cur i bhfeidhm na dtreoirlínte maidir le stad tacsaithe agus déanfaidh siad machnamh ar fhorbairt stadanna tacsaithe taispeána leis na prionsabail phleanála agus dearaidh a shonraítear sna treoirlínte a chur in iúl.


Tá Athbhreithniú ar Tháillí 2010 ina ghníomh eile tábhachtach in 2010–2011. Déanfar machnamh ar an tionchar ag aon athruithe ar an táille náisiúnta ar sholáthar agus ar éileamh sa tríú hathbhreithniú ar an uastáille náisiúnta do thacsaithe. Rachfar i sainchomhairliúcháin leis an bpobal mór agus le páirtithe leasmhara le heolas a fháil ina thaobh. Sa mhullach air sin, leagfar béim ar leith ar an dóigh a bhféadfaí éileamh níos mó tomhaltóirí ar sheirbhísí SPSV a spreagadh.

Conclúid

Tá sé ar intinn an Plean Gníomhaíochta seo a úsáid mar cháipéis thábhachtach thagartha d'obair an Choimisiúin aníos go dtí an bhliain 2012. Faoi mar a chuirtear in iúl níos faide anonn sa cháipéis seo, déanfaimid tomhas agus tuairisciú rialta ar dhul chun cinn in aghaidh na ngníomhartha a liostaítear. Tá clár mór oibre leagtha amach againn agus táimid ag tnúth go mór leis an gcomhoibriú dlúth lenár bpáirtithe leasmhara uile, go háirithe le baill an tionscail agus le tomhaltóirí, d'fhonn na gníomhartha seo a chur chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara as a ndearna siad i bpróisis sainchomhairliúcháin an Choimisiúin go nuige seo, agus táim go mór faoi chomaoin an Chathaoirligh agus bhaill na Comhairle Comhairlí as a gcuid comhairle agus cúnamh luachmhar. Táim buíoch den Aire Iompair agus de lucht bainistíochta agus d'fhoireann na Roinne Iompair as ucht a dtacaíochta agus a gcúnaimh leanúnaigh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann an Choimisiúin as a dtiomantas i mbaint amach chuspóirí an Choimisiúin. Tá muidne, an Coimisiún, ag dréim go mór leis an gcomhoibriú dlúth leis an NTA le linn shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo agus leis an bpleanáil le haghaidh ár n-ionchorpraithe.

Agus na gníomhartha a leagtar amach sa cháipéis seo á soláthar, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún riachtanais a n-úsáideoirí seirbhíse a bhaint amach nó a shárú agus cur le soláthar seirbhísí SPSV in Éirinn go héifeachtach agus go dearfach. Le linn 2010 agus 2011 díreoidimid ar dhaingniú breise ár seirbhísí do shealbhóirí ceadúnais agus do thomhaltóirí, ar thionscnaimh nua a chur chun cinn, ar bhua mór a dtairbhí ar a gcostais a chinntiú agus ar sheirbhísí SPSV a chomhcheangal níos mó leis an ngréasán iompair. Táimid ag dréim go mór leis an gcomhoibriú dlúth le sealbhóirí gairmiúla comhlíontacha ceadúnais le cinnte a dhéanamh go mbainfear amach ionchais na dtomhaltóirí go comhsheasmhach agus go sainaitheofar luach an tionscail SPSV in Éirinn ina iomláine ag an uile chéim.



Kathleen Doyle
An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe
Bealtaine 2010

Léargas Ginearálta ar Chuspóirí Straitéiseacha, ar Spriocanna agus ar Gníomhartha an Choimisiúin 2010–2011

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL	GNÍOMHARTHA 2010–2011
1 Leanúint le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála don tionscal SPSV in Éirinn.	01 Leanúint le rialacháin reatha SPSV a dhaingniú ionas go mbeidh siad soiléir agus inrochtana.	001–052
	02 Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana le forbairt agus le feabhsú leanúnach na gcaighdeán agus na bpróiseas a chumasú.	
	03 An Clár Náisiúnta Ceadúnas a chothabháil agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus cinntiú go mbíonn próisis tacaíochta do cheadúnais trédhearcach, comhsheasmhach, comhréireach agus éifeachtach.	
	04 Tionchar na modhanna reatha forfheidhmithe a uasmhéadú.	
	05 Níos mó forbartha a dhéanamh ar rialuithe agus ar phróisis d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú.	
	06 Réitigh nuálaíocha a fhorbairt i leith dúshláin leanúnacha chomhlíonta.	
	07 Muinín an phobail in oibreoirí comhlíontacha a chothú.	
	08 Leanúint le hoideachas a chur ar pháirtithe leasmhara agus le feasacht ar cheanglais chomhlíonta SPSV a uasmhéadú dá thairbhe.	
2 Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeán SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas.	09 Leanúint ar aghaidh agus an fháil atá ar líon cuí feithiclí inrochtana a chur chun cinn.	053–084
	10 Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann oibreoirí rialacháin agus dea-chleachtas.	
	11 Cabhrú le húsáideoirí an tseirbhís is mó a oireann dá gcuid riachtanas a shainiú.	
	12 Leanúint le feachtais phoiblí a réachtáil le húsáid SPSVanna a chothú agus le feasacht tomhaltóirí ar na tairbhí lena mbaineann oibreoirí ceadúnaithe a mhúscailt.	
	13 Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar fhaisnéis infheithicle agus ar fhaisnéis tacaíochta do chustaiméirí.	
	14 An uastáille náisiúnta do thacsaithe a shocrú ag leibhéal a chruthaíonn ioncam cóir, agus a dhéanann éileamh a uasmhéadú.	
	15 Cabhrú le húsáideoirí seirbhíse a scaoileann seirbhísí SPSV amach ar conradh d'fhonn an méid cuí seirbhíse a dhéanamh amach a theastaíonn dá gcuid riachtanas ar leith.	

Léargas Ginearálta ar Chuspóirí Straitéiseacha, ar Spriocanna agus ar Gníomhartha an Choimisiúin 2010–2011 AR LEAN

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL	GNÍOMHARTHA 2010–2011
3 An dearbhú cáilíochta le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais.	16 Cinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn le seirbhís chuí a chur ar fáil ag gach tiománaí SPSV.	085–095
	17 Machnamh a dhéanamh ar thabhairt isteach meicníochta le cáilíocht a chinntiú d'fhonn rogha níos feasaí a chumasú i measc tomhaltóirí.	
	18 Leanúint leis na catagóirí éagsúla SPSV a chur chun cinn d'oibreoirí agus d'úsáideoirí.	
4 Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn.	19 Rannpháirtíocht chuí le páirtithe leasmhara a chinntiú agus príomhchaidreamh a bhainistiú ar bhealach éifeachtach cuiditheach.	096–113
	20 Cinntiú go mbíonn príomhchinntí feasach ar ionchur páirtithe leasmhara.	
	21 Bealaí cuí a bhunú agus a chothú do shainchomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus le tomhaltóirí an tionscail.	
	22 Leanúint ar aghaidh agus sonraí mar aon le faisnéis inmheánach agus sheachtrach lena mbaineann an tionscal SPSV a bhailiú.	
	23 Cinntiú go n-áirítear seirbhísí SPSV atá i gcoilár na samhla iompair phoiblí i gcruthú beartas agus pleanála níos fairsinge iompair.	
5 Comhcheangal seirbhísí SPSV leis an gcóras níos leithne iompair phoiblí a chur chun cinn.	24 Dul i dteagmháil le comhlachtaí ábhartha agus réitigh chomhtháite iompair a bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm.	114–122
	25 Úsáid treoirilínte maidir le stadanna tacsaithe an Choimisiúin ag gach móracomhal iompair a chur chun cinn.	
Ár gcumas spriocanna a bhaint amach Eagraíocht a chothabháil a ndéantar bainistiú gairmiúil orthu, a bhfuil struchtúr agus acmhainní éifeachtúla fúthu agus a bhfuil foireann thiomanta ardoilte acu atá an-díríthe ar bhaint amach straitéis agus chuspóirí an Choimisiúin.	26 Leanúint ar aghaidh ag teacht chun cinn mar eagraíocht ghairmiúil.	123–150
	27 Cinntiú go gcoinnítear struchtúr barrmhaitheasa eagraíochta agus neart acmhainní d'fhonn riachtanais inmheánacha agus sheachtracha a bhaint amach.	
	28 Foireann an-tiomanta ardoilte atá an-díríthe ar bhaint amach straitéis agus chuspóirí an Choimisiúin.	
	29 Úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus as próisis chuí le héifeachtacht eagraíochta a choinneáil agus a fheabhsú níos mó agus sárchaighdeáin chorpáraideacha rialachais a choinneáil.	

An Plean Gníomhaíochta a Bhaint Amach

Maidir le gach ceann de na gníomhartha a liostaítear sa Phlean Gníomhaíochta seo, shainníomair spriocanna tosaigh a dtomhasfaimid dul chun cinn ina n-aghaidh. Braitheann seachadadh deiridh cuid mhór de na gníomhartha ar thoradh na próise cuí a theastaíonn, dála anailíse ar thionchar rialála, sainchomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus anailís costais is tairbhe. Braitheann corrghníomh, amhail táthcheangal ceadúnú tiománaithe ón nGarda Síochána, ar cibé acu an bhfaigheann nó nach bhfaigheann an Coimisiún na hacmhainní atá de dhíth le tacú leis an ngníomhaíocht.

Tá lucht bainistíochta agus foireann an Choimisiúin lántiomanta do choinneáil na bpróiseas reatha oibriúcháin agus do dhaingniú na bpróiseas agus na gcóras atá ann faoi láthair ionas go mbainfidh an chreatlach rialála agus na córais do shealbhóirí ceadúnais SPSV ár bhfís iomlán agus ár misean amach. Táimid ag tnúth go mór leis na tionscnaimh nua a liostaítear thíos a bhrú chun cinn agus le comhoibriú go dlúth leis an NTA d'fhonn seirbhísí SPSV a chomhcheangal níos mó leis an ngréasán níos leithne iompair.

Táimid tiomanta do na céimeanna seo a leanas agus na gníomhartha uile a bhaint amach:

Próisis oibriúcháin

- Gach croíphróiseas a choinneáil de réir na leibhéal reatha seirbhíse
- Athbhreithnithe inmheánacha a dhéanamh go rialta ar phróisis oibriúcháin:
 - A chinntíonn go mbaineann leibhéal seirbhíse a chuireann soláthróirí tríú páirtí ar fáil na caighdeáin riachtanacha amach
 - A fhaigheann aiseolas ar phróisis oibriúcháin ó shealbhóirí ceadúnais agus ó thomhaltóirí
 - A shainníonn feabhsúcháin phróisis a d'fhéadfadh bheith ina mbunús le héifeachtacht nó le héifeachtúlacht níos fearr
- Próisis oibriúcháin a fhorbairt níos mó de réir mholtaí na n-athbhreithnithe inmheánacha, de réir mar is gá
- Sealbhóirí ceadúnais a chur ar an eolas faoi athruithe ar phróisis oibriúcháin go tráthúil agus go héifeachtúil.

Daingniú na bpróiseas agus na gcóras atá ann faoi láthair

- Cinnte a dhéanamh go bhfaightear eolas faoi athbhreithnithe de réir dea-chleachtais in Éirinn agus ar fud an domhain
- Tabhairt faoi Anailís ar Thionchar Rialála de réir mar is cuí
- Tabhairt faoi shainchomhairliúchán le páirtithe leasmhara de réir mar is cuí

- Comhoibriú le tríú páirtithe ábhartha le cinnte a dhéanamh go gcuireann leasuithe a bheartaítear a gcuid riachtanas san áireamh go hiomlán (e.g. riachtanais na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí a chur san áireamh go hiomlán i rith an athbhreithnithe ar na coinníollacha ceadúnaithe).

Tionscnaimh nua a chur chun cinn (lena n-áirítear seirbhísí SPSV a chomhcheangal níos mó leis an gcóras níos leithne iompair)

Agus aird ar mhórfhorbairtí, fearacht an cheadúnais chabhlaigh a bheartaítear:

- Tabhairt faoi anailís scagtha ar thionchar rialála (RIA) tráth thionscnamh an tionscadail
- Tabhairt faoi réamh-shainchomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara le heolas a thabhairt faoin RIA scagtha, de réir mar is cuí
- Tabhairt faoi shainchomhairliúchán poiblí le daoine a bhfuil suim acu a tharchur chuig an RIA scagtha
- Machnamh a dhéanamh ar gach moladh
- Tabhairt faoi níos mó sainchomhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha, más cuí
- An RIA deireanach a chur i gcrích
- An RIA a chur faoi bhráid na Comhairle Comhairlí agus páirtithe leasmhara a bhfuil suim acu lena breithniú.

Dul chun cinn a thuairisciú in aghaidh an Phlean Gníomhaíochta

Foilseoidh an Coimisiún dhá ráiteas dheireadh na bliana (do 2010 agus do 2011) a mheasfaidh dul chun cinn in aghaidh an Phlean Gníomhaíochta agus leagfar aon athbheartú tosaíochta an chláir oibre amach. Foilseoidh an Coimisiún dhá thuarascáil bhliantúla (do 2010 agus do 2011) ina mbeidh tuairiscí iomlána ar dhul chun cinn an Choimisiúin.

Scríobhfar an uile thuarascáil i bhfriotail neamhchasta agus beidh siad le fáil ar ár suíomh gréasáin, www.taxiregulator.ie.

Ár mbealaí cumarsáide agus ár bpríomh-spriocphobail

I dteannta na mbealaí foirmiúla tuairiscithe a liostaítear thuas, cuireann an Coimisiún a bpáirtithe leasmhara ar an eolas faoina gcuid gníomhaíochtaí agus faoina gclár oibre ar roinnt bealaí. Leagtar amach sa léaráid thíos na bealaí cumarsáide atá á n-úsáid san am i láthair idir an Coimisiún agus a gcuid páirtithe leasmhara.

- **Suíomh Gréasáin**
www.taxiregulator.ie
- **Comhfhreagras: r-phoist agus litreacha**
commission@taxiregulator.ie
- **Líne Faisnéise an Tionscail** 1890 347 347
- **Líne Faisnéise do Thomhaltóirí** 1890 60 60 90

- **Na Meáin**
Agallaimh, Feachtais Faisnéise Poiblí, Preasráitis
- **Sainchomhairliúchán**
- **Tuarascálacha**
Páipéir Thaighde, Cáipéisí Sainchomhairliúcháin, Anailísí ar Thionchar Rialála, Foilseacháin Chorporáideacha
- **Bileoga Beartais**
Feic Aguisín 1 le haghaidh ról agus bhallraíocht na Comhairle Comhairlí. Feic leathanach 4 den *Ráiteas Straitéise 2010–2014* le haghaidh liosta iomlán dár bpríomh-chomhpháirtithe beartais
- **Cruinnithe páirtithe leasmhara**
Feic leathanach 13 den *Ráiteas Straitéise 2010–2014* le haghaidh liosta iomlán dár bpáirtithe leasmhara
- **Próisis fógraíochta**
Nuachtlitreacha an tionscail, litreacha chuig sealbhóirí ceadúnais, teachtaireachtaí téacs

SEALBHÓIRÍ CEADÚNAIS



SUÍOMH GRÉASÁIN




TUARASCÁLACHA



COMHFHREAGRAS




LÍNE FAISNÉISE AN TIONSAIL




LÍNE FAISNÉISE DO THOMHALTÓIRÍ



NA MEÁIN



BILEOGA BEARTAIS



CRUINNITHE PÁIRTITHE LEASMHARA



SAINCHOMHAIRLIÚCHÁN

ÚSÁIDEOIRÍ SPSV




SUÍOMH GRÉASÁIN



TUARASCÁLACHA



COMHFHREAGRAS




LÍNE FAISNÉISE AN TIONSAIL




LÍNE FAISNÉISE DO THOMHALTÓIRÍ



NA MEÁIN



BILEOGA BEARTAIS



CRUINNITHE PÁIRTITHE LEASMHARA



SAINCHOMHAIRLIÚCHÁN

AN POBAL MÓR




SUÍOMH GRÉASÁIN



TUARASCÁLACHA



COMHFHREAGRAS



LÍNE FAISNÉISE AN TIONSAIL




LÍNE FAISNÉISE DO THOMHALTÓIRÍ



NA MEÁIN



BILEOGA BEARTAIS



CRUINNITHE PÁIRTITHE LEASMHARA



SAINCHOMHAIRLIÚCHÁN

IONADAITHE AN TIONSAIL AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA EILE




SUÍOMH GRÉASÁIN




TUARASCÁLACHA



COMHFHREAGRAS



LÍNE FAISNÉISE AN TIONSAIL



LÍNE FAISNÉISE DO THOMHALTÓIRÍ



NA MEÁIN



BILEOGA BEARTAIS



CRUINNITHE PÁIRTITHE LEASMHARA



SAINCHOMHAIRLIÚCHÁN

Na gníomhartha a thacaíonn le cúig chuspóir straitéiseacha an Choimisiúin

CUSPÓIR A HAON

Leanúint le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála don tionscal SPSV in Éirinn

- SPRIOC 1 Leanúint le rialacháin reatha SPSV a dhaingniú ionas go mbeidh siad soiléir agus inrochtana.

- SPRIOC 2 Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana le forbairt agus le feabhsú leanúnach na gcaighdeán agus na bpróiseas a chumasú.

- SPRIOC 3 An Clár Náisiúnta Ceadúnas a chothabháil agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus cinntiú go mbíonn próisis tacaíochta do cheadúnais trédhearcach, comhsheasmhach, comhréireach agus éifeachtach.

- SPRIOC 4 Tionchar na modhanna reatha forfheidhmithe a uasmhéadú.

- SPRIOC 5 Níos mó forbartha a dhéanamh ar rialuithe agus ar phróisis d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú.

- SPRIOC 6 Réitigh nuálaíocha a fhorbairt i leith dúshláin leanúnacha chomhlíonta.

- SPRIOC 7 Muinín an phobail in oibreoirí comhlíontacha a chothú.

- SPRIOC 8 Leanúint le hoideachas a chur ar pháirtithe leasmhara agus le feasacht ar cheanglais chomhlíonta SPSV a uasmhéadú dá thairbhe.

SPRIOC A HAON**Leanúint le rialacháin reatha SPSV a dhaingniú ionas go mbeidh siad soiléir agus inrochtana**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
1.A Oibriú leis an Roinn Iompair, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le comhlachtaí ábhartha eile d'fhonn a chinntiú go gcuireann an creat reachtaíochta le haghaidh SPSVanna na tacaíochtaí ar fáil go soiléir a theastaíonn le cuspóirí na samhla iomláine rialála a bhaint amach.	001 Rialacháin SPSV a chothabháil agus a fhorbairt de réir forbairt beartais agus athbhreithniú leanúnach ar thionchar rialála.	Rialacháin sínithe sa dlí mar ba chúil agus fógra cuí tugtha (feic Gníomh 004).
	002 Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar achomaireacht reachtaíochta agus cinnte a dhéanamh go bhfuil sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.	Achomaireacht dheireanach dlí ar fáil ar fud 2010–2011.
1.B Machnamh a dhéanamh ar thionchar aon athraithe a bheartaítear trí thabhairt faoi anailís ar an tionchar rialála (RIAanna).	003 Tabhairt faoi anailís ar thionchar rialála (RIA) roimh gach cinneadh mór.	RIAanna curtha i gcrích agus curtha faoi bhráid na Comhairle Comhairlí lena mbreithniú.
1.C Aon athrú ar na riachtanais ar pháirtithe leasmhara a chur in iúl ar bhealach tráthúil agus éifeachtach trí gach meán ar a bhfuil fáil (mar shampla, nuachtlitir an tionscail, líne faisnéise an tionscail, suíomh gréasáin an Choimisiúin).	004 Machnamh a dhéanamh ar an tréimhse fógraíochta a theastaíonn do pháirtithe buailte mar chuid den RIA agus próisis phleanála cur i bhfeidhm.	Próisis chúil fógraíochta don tionscal agus d'aon pháirtithe eile buailte le cur in éineacht gach móráthrú rialála.
1.D I gcomhoibriú leis an Roinn Iompair, leis an nGarda Síochána, leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le sealbhóirí ceadúnais (agus in aon treo le riarachán ceadúnaithe tiománaithe SPSV a aistriú ón nGarda Síochána chuig an gCoimisiún), féachaint le tús a chur le halt 36 (dícháiliú éigeantach) agus le halt 45(5) (pionóis le haghaidh daorbhreitheanna) den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003.	005 Leanúint ar aghaidh ag casadh le gach páirtí ábhartha le riachtanais tacaíochta a bhrú chun cinn (tabhairt tuilleadh pearsanra don Choimisiún, córais faisnéise, rialuithe, tacaíochtaí riaracháin) le tús a chur le forálacha alt 36.	Cuntas coinnithe ar na riachtanais iomlána agus plean um chur i bhfeidhm comhaontaithe idir gach páirtí.

SPRIOC A DÓ

Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana le forbairt agus le feabhsú leanúnach na gcaighdeán agus na bpróiseas a chumasú

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
2.A Tabhairt faoi athbhreithniú gach dhá bhliain ar choinníollacha ceadúnaithe, ar tháillí agus ar smachtbhannaí rialála d'fhonn a chinntiú go leanfar ar aghaidh le cuspóirí bunúsacha a chomhlíonadh ar bhealach atá éifeachtach i dtaobh costais, comhréireach agus éifeachtúil.	006 Tabhairt faoi athbhreithniú iomlán ar choinníollacha agus ar tháillí reatha ceadúnaithe agus tabhairt faoi shainchomhairliúchán agus faoi RIA ar aon athruithe a bheartaítear.	Tabhairt faoi athbhreithniú ar athchóirithe críochnaithe a shainaithnítear agus ar athchóirithe féideartha eile.
	007 Imscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr i leith ceadúnas cabhlaigh a thabhairt isteach agus tabhairt faoi RIA ar choinníollacha ceadúnais chabhlaigh a bheartaítear.	Roghanna i leith tabhairt isteach ceadúnas cabhlaigh forbartha, agus sainchomhairliúchán agus RIA curtha i gcrích.
	008 Athbhreithniú a dhéanamh ar na smachtbhannaí atá ann faoi láthair mar chuid d'athbhreithniú ar chúrsaí forfheidhmithe agus comhlíonta.	Athbhreithniú tosaigh curtha i gcrích agus leasuithe féideartha ar na smachtbhannaí atá ann faoi láthair sainaitheanta.
2.B Teicneolaíocht a úsáid i gceart, d'fhonn na tairbhí a uasmhéadú agus na costais a laghdú lena mbaineann ceadúnú, monatóireacht agus gníomhaíochtaí comhlíonta.	009 Ár straitéis IT do 2010–2011 a bhaineann amach cuspóirí an Rialtais (lena n-áirítear ríomh-Rialtas).	Straitéis IT i bhfeidhm agus monatóireacht agus tuairisciú déanta ar dhul chun cinn.
	010 Buiséad tacaíochta IT a chothabháil le luach ar airgead agus meastóireacht chuí roimh an tarraingt anuas a chinntiú.	Buiséad IT i bhfeidhm mar aon le bealaí tacaíochta formheasa agus athbhreithnithe ar aon dul le treoirilínte an Rialtais maidir le riachtanais chaiteachais/ríomh-Rialtais.
	011 Tuarascálacha ráithiúla bainistíochta ar dhul chun cinn a chur ar fáil in aghaidh cuspóirí IT.	Machnamh déanta ar thuarascálacha ráithiúla agus tosaíochtaí IT bunaithe in aghaidh forbairt níos leithne rialála agus próisis.
	012 Páirt a ghlacadh i mbealaí níos leithne pleanála agus beartais IT na hearnála poiblí.	Páirt a ghlacadh i bhfóram IT de réir mar is gá.
2.C Páirt a ghlacadh in athbhreithnithe neamhspleácha seachtracha ar ár samhail rialála, amhail a threoraíonn an Rialtas.	013 Páirt a ghlacadh i bhfóram faoi urraíocht Roinn an Taoisigh i leith rialtóirí náisiúnta.	Freastal ar imeachtaí fóraim agus páirt a ghlacadh iontu de réir mar is gá.

SPRIOC A TRÍ

An Clár Náisiúnta Ceadúnas a chothabháil agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus cinntiú go mbíonn próisis tacaíochta do cheadúnais trédhearcach, comhsheasmhach, comhréireach agus éifeachtach

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
3.A Seirbhís imscrúdaithe agus ceadúnaithe feithiclí a chur ar fáil do gach sealbhóir ceadúnais SPSV trí choinne a dhéanamh.	014 Cinntiú go bhfuil seirbhísí imscrúdaithe agus ceadúnaithe feithicle ar fáil de réir caighdeáin seirbhíse do gach sealbhóir ceadúnais feithicle agus d'iarratasóirí nua.	Seirbhísí imscrúdaithe agus ceadúnaithe feithicle curtha ar fáil de réir na cairte custaiméirí agus leibhéil seirbhíse an chonartha tacaíochta.
	015 Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag éascú bainistiú agus soláthar seirbhísí um cheadúnú feithiclí de réir spriocanna bliantúla feabhsúcháin agus luach ar airgead agus riachtanais iniúchta a chinntiú.	Spriocanna i leith feabhsúcháin seirbhíse agus luach ar airgead agus riachtanais iniúchta bainte amach.
3.B Leanúint ar aghaidh agus comhairle a chur ar fáil i ndáil le sonraíochtaí feithicle trínár suíomh gréasáin agus trínár líne ghutháin um faisnéis tionscail le tacaíocht a thabhairt d'oibreoirí maidir le próisis iarratais, athnuachana agus athraithe feithicle.	016 An faisnéis is déanaí a chur ar fáil do gach sealbhóir ceadúnais agus d'iarratasóirí nua maidir le sonraíochtaí feithicle agus leis na coinníollacha agus na próisis i leith ceadúnú feithiclí.	Sainchomhairle faoi chaighdeáin feithicle agus faoi sheirbhísí imscrúdaithe curtha ar fáil de réir na cairte custaiméirí.
	017 Suíomh gréasáin an Choimisiúin agus foilseacháin tacaíochta an tionscail nuashonraithe le faisnéis inrochtana faoi chaighdeáin feithicle a chinntiú.	Soláthraítear faisnéis ábhartha inrochtana faoi chaighdeáin feithicle i réimse formáidí sna foilseacháin agus sna foinsí ábhartha faisnéise d'fhonn na riachtanais inrochtaineachta agus faisnéise a bhaint amach.
3.C Seirbhísí ceadúnaithe a chur ar fáil d'oibreoirí seachadta cláraithe.	018 Seirbhísí ceadúnaithe a chur ar fáil d'oibreoirí seachadta.	Ceadúnú laethúil oibreoirí seachadta a chothabháil de réir na cairte custaiméirí agus leibhéil seirbhíse an chonartha tacaíochta.
	019 Riachtanais bhreise do phróiseas an oibreora seachadta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear an próiseas athnuachana).	An próiseas athnuachana leagtha amach agus i bhfeidhm.
3.D Seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil don phróiseas ceadúnaithe tiománaithe i gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, an t-údarás reatha ceadúnaithe (sainaithint tiománaithe, tástáil scileanna tiománaithe agus deimhniúcháin).	020 Leanúint de nuashonrú an Chláir Náisiúnta Tiománaithe le faisnéis nua agus le faisnéis athbhreithnithe faoi cheadúnais tiomána arna soláthar ag an nGarda Síochána.	Cothabháil déanta ar an gClár Náisiúnta Tiománaithe.
	021 Cáirte aitheantais tiománaithe a eisiúint chuig gach sealbhóirí ceadúnais tiomána SPSV tráth na hathnuachana nó arna n-iarraidh.	Aitheantas tiománaithe curtha ar fáil de réir caighdeáin seirbhíse agus de réir rialuithe comhlíonta agus slándála.
	022 Cáirte nua aitheantais tiománaithe, ar a bhfuil sonraíochtaí feabhsaithe slándála agus infheictheachta, a dháileadh.	Dáileadh leanúnach na gcártaí feabhsaithe aitheantais tiománaithe ar bun.
	023 Clár um thástáil forbartha scileanna a chothabháil agus a fheabhsú d'iarratais ar cheadúnú tiománaithe/d'iarratais ar oibreoir seachadta.	Seirbhís tástála scileanna curtha ar fáil de réir na cairte custaiméirí agus leibhéil seirbhíse an chonartha tacaíochta.

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
3.D AR LEAN Seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil don phróiseas ceadúnaithe tiománaithe i gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, an t-údarás reatha ceadúnaithe (sainaitheint tiománaithe, tástáil scileanna tiománaithe agus deimhniúchán).	024 Clár um thástáil forbartha scileanna a thabhairt isteach do na tiománaithe SPSV atá ann faoi láthair.	Tástáil scileanna ar fáil do gach tiománaí SPSV ó lár 2010 ar aghaidh.
	025 An próiseas um dheimhniú scileanna agus na naisc thacaíochta le córas an Gharda Síochána um cheadúnú tiománaithe a chothabháil agus a athbhreithniú.	Deimhnithe eisithe de réir caighdeán seirbhíse agus fógraíocht ina leith tugtha don Gharda Síochána.
3.E Leanúint leis an gcomhoibriú leis an nGarda Síochána le breis feabhais a chur ar choinníollacha agus ar phróisis reatha cheadúnaithe agus le pleanáil a dhéanamh d'aistriú na bunfhreagrachta um riarachán ceadúnaithe tiománaithe chuig an gCoimisiún.	026 Páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre an Gharda Síochána/an Choimisiúin le machnamh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm alt 36, ar aistriú riar cheadúnú tiománaithe agus ar fheabhsúcháin ar choinníollacha i leith cheadúnú tiománaithe (feic Gníomh 005).	Páirt a ghlacadh sa ghrúpa oibre, obair a dhéanamh ar son athbhreithniú ar cheadúnú tiománaithe agus tacú le coinníollacha ceadúnaithe.
	027 Togra nua i leith próisis um cheadúnú tiománaithe a fhorbairt d'fhonn rialuithe agus riarachán ceadúnaithe a ionchorprú.	Togra curtha i gcrích agus curtha faoi bhráid an ghrúpa oibre agus an Gharda Síochána lena bhreithniú.
	028 Comhoibriú leis an nGarda Síochána le plean daingean aistrithe a fhorbairt i gcás go n-aistríonn riarachán ceadúnaithe tiománaithe don Choimisiún.	Plean aistrithe curtha i gcrích (coinníollach ar smachtbhanna agus acmhainní riachtanacha).

SPRIOC A CEATHAIR**Tionchar na modhanna reatha forfheidhmithe a uasmhéadú**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
4.A An tsamhail is fearr d'fhorfheidhmiú a shainaithint d'fhonn a chinntiú go mbíonn an t-uastionchar ag acmhainní an Choimisiúin.	029 Tabhairt faoi athbhreithniú ar an tsamhail forfheidhmithe atá ann faoi láthair.	An t-athbhreithniú a chur i gcrích agus straitéis tacaíochta chomhlíonta a fhorbairt le haghaidh breithniú inmheánach.
	030 Gníomhaíochtaí forfheidhmithe atá ann faoi láthair a chothabháil agus a fhorbairt.	Cothabháil déanta ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe in aghaidh leibhéil thiomanta agus tuairisc ráithiúil tugtha ar na torthaí.
4.B Cumhachtaí forfheidhmithe a athbhreithniú agus a chur chun feabhais sa chás cuí.	031 Machnamh a dhéanamh ar an athrú reachtúil, rialála agus eagraíochtúil a theastaíonn le tionchar a imirt ar aon chumhachtaí breise a mheastar atá riachtanach.	Athbhreithniú curtha i gcrích.
4.C Gníomhaíochtaí agus roinnt faisnéise le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe a chomhcheangal níos mó, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí*, na Coimisinéirí Ioncaim, agus an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí, le tabhairt faoi na dúshláin chomhlíonta.	032 Leanúint ar aghaidh i mbun pleanála agus ag cur le seicphointí déthaobhacha agus ilghníomhaireachta agus gníomhaíochtaí eile forfheidhmithe.	Sceideal gníomhaíochtaí agus gníomh athleanúna déanta.
	033 Cothabháil agus seachadadh in aghaidh prótacail roinnte sonraí le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe trí úsáid a bhaint as faisnéis ón gclár poiblí agus ó ghníomhaíochtaí ginearálta forfheidhmithe.	Sonraí curtha ar fáil go rialta.
4.D Modheolaíochtaí a mbaineann gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe úsáid astu a imscrúdú d'fhonn próifiliú riosca agus spriocdhírú a chumasú.	034 Tabhairt faoi thaighde ar shamhlacha eile náisiúnta agus idirnáisiúnta i leith próifiliú riosca agus spriocdhírú agus machnamh a dhéanamh ar iarratas ar úsáid SPSV.	Taighde déanta agus samhail bharrmhaith sainitheanta.

SPRIOC A CÚIG**Níos mó forbartha a dhéanamh ar rialuithe agus ar phróisis d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
5.A Rialuithe breise a chur i bhfeidhm i riarachán agus in imscrúdú ceadúnaithe le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le hé a chinntiú.	035 Rialuithe riaracháin ceadúnaithe a chothabháil agus a nuashonrú go rialta de réir dea-chleachtas iniúchta agus bainistíocht riosca.	Tuairisc ráithiúil tugtha ar chreatlach riosca ceadúnaithe agus rialuithe agus gníomhartha maolaithe curtha chun cinn.
5.B Athbhreithniú a dhéanamh ar gach próiseas bailithe sonraí, scaipthe sonraí agus monatóireachta le cumas a shainaithint le haghaidh gnóthachan breise comhlíonta.	036 Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail bhainistíocht sonraí gach 12 mhí le cinntiú go leanann sí ar aghaidh ag tacú le riachtanais inmheánacha agus sheachtracha.	Samhail sonraí leagtha amach – cothabháil déanta ar phointí uathoibríthe rialaithe rochtana chuig sonraí an Choimisiúin. Tuairisc tugtha ar chroíphróisis bhailithe agus scaipthe sonraí.

*An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a tugadh uirthi roimhe seo.

SPRIOC A SÉ**Réitigh nuálaíocha a fhorbairt i leith dúshláin leanúnacha chomhlíonta**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
6.A Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid nuair is cuí le haghaidh cuspóirí monatóireachta agus próifílithe.	037 Machnamh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí cuí (e.g. ANPR) le haghaidh cuspóirí comhlíonta/áireamh tráchta.	Staidéar indéantachta déanta.
	038 Machnamh a dhéanamh ar GPS agus ar theicneolaíochtaí eile soghluaiste le haghaidh cuspóirí ceadúnaithe, rialaithe agus monatóireachta, agus aird ar leith ar mhonatóireacht ar uaireanta oibre.	Staidéar indéantachta déanta.
6.B Úsáid gléasanna breise slándála a imscrúdú le muinín an chustaiméara a chothú agus le cabhrú le hoibríú neamhdhleathach a bhrath.	039 Leasuithe ar chomharthaí dín a fógraíodh mar chuid de phlean athchóirithe mhí Dheireadh Fómhair 2009 a dhearadh, a sholáthar, a thabhairt isteach agus monatóireacht a dhéanamh orthu.	Rialacháin i leith shainaitheant limistéar ceadúnaithe/limistéir cheadúnaithe oibriúcháin na dtiománaithe ar chomharthaí dín leagtha amach agus treoirlínte teicniúla nuashonraithe.
	040 Seisiún faisnéise a reáchtáil le hoifigigh údairithe le feachtas ar dheiseanna a chinntiú le neamhchomhlíonadh a bhrath bunaithe ar aitheantas níos fearr tiománaithe (feic Gníomhartha 022 agus 039).	An Garda Síochána curtha ar an eolas faoi ghnéithe nua agus faoi thacaíochtaí monatóireachta agus rialaithe.
	041 Athbhreithniú a dhéanamh ar aitheantas ceadúnaithe feithiclí atá ann faoi láthair (lena n-áirítear díoscaí dobhearnaithe) le machnamh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ann d'fhonn cúrsaí monatóireachta agus rialaithe a fheabhsú (e.g. barrachód).	Athbhreithniú curtha i gcrích.

SPRIOC A SEACHT**Muinín an phobail in oibreoirí comhlíontacha a chothú**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
7.A Tairseach ar líne atá furasta le húsáid a chur ar fáil chuig ár gcláir shealbhóirí ceadúnais SPSV.	042 Rochtain ar líne ar chlár náisiúnta cheadúnais SPSV a sheoladh.	Clár ar líne ar fáil.
7.B Faisnéis bhreise a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse a chruthóidh muinín i gcaighdeán oibriochta oibreoirí ceadúnaithe SPSV.	043 Acmhainní faisnéise do thomhaltóirí a nuashonrú le níos mó comhairle faoi chúrsaí comhlíonta agus faoi fhaisnéis eile rialála agus tionscnaimh a chur san áireamh.	Clár um fheachtas tomhaltóirí ainmnithe agus tionscanta le treoir nuashonraithe maidir le faisnéis tomhaltóra a ionchorprú agus leis an bhfaisnéis ábhartha is déanaí a chinntiú tríd an líne faisnéise do thomhaltóirí.
	044 Machnamh a dhéanamh ar straitéis fhadréimseach i leith feachtas tomhaltóirí le tacú le faisnéis níos fearr tomhaltóra.	Togra curtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm de réir tosaíochtaí buiséid agus de réir tosaíochtaí eile.

SPRIOC A HOCHT

Leanúint le hoideachas a chur ar pháirtithe leasmhara agus le feacht ar cheanglais chomhlíonta SPSV a uasmhéadú dá thairbhe

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
8.A Faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí faoi conas oibreoirí neamhchomhlíontacha a sheachaint agus a thuairisciú.	045 Faisnéis faoi shainathint oibreoirí neamhchomhlíontacha agus faoi mhodhanna tuairiscithe a ionchorprú le faisnéis feacht tomhaltóirí.	Faisnéis tomhaltóra nuashonraithe faoi mar a shonraítear i nGníomh 043.
8.B Leanúint ar aghaidh agus cur le clár oiliúna na nGardaí Síochána agus chomhlachtaí ábhartha eile forfheidhmithe.	046 Cinntiú go dtugtar faoi sheisiúin traenála a chuireann foireann an Choimisiúin ar fáil i réigiúin uile an Gharda Síochána.	Teagmháil leanúnach ar bun le Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchtá an Gharda Síochána le sheisiúin a éascú.
	047 An Treoir maidir le Forfheidhmiú SPSV a chothabháil agus a nuashonrú le haghaidh úsáid na n-oifigeach údaráithe.	Nuashonrú déanta ar an bhfoilseachán agus dáilte ar bhonn leanúnach.
8.C Faisnéis a chur ar fáil ar bhonn leanúnach don tionscal i ndáil le saincheisteanna rialála agus comhlíonta.	048 Cinntiú go mbíonn faisnéis faoi shaincheisteanna rialála agus comhlíonta i bhfaisnéis cheadúnaithe agus i gcumarsáid eile an tionscail, go háirithe nuachtlitir an tionscail agus eolairí faisnéise an tionscail.	Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin, ar nuachtlitreacha an tionscail agus ar eolairí faisnéise an tionscail agus dáiltear go fairsing iad. Ina theannta sin, faightear faisnéis ábhartha faoi shaincheisteanna rialála agus comhlíonta iontu.
	049 Cinntiú go mbíonn faisnéis chomhlíonta agus rialála sa Chlár Forbartha Scileanna i rith an ama (feic Gníomh 085).	Nuashonraítear an clár scileanna de réir mar is cuí leis an bhfaisnéis reatha chomhlíonta agus rialála a chur in iúl.
	050 Comhoibriú le comhlachtaí eile poiblí le feacht a mhéadú ar shaincheisteanna níos fairsinge rialála agus beartais phoiblí, macasamhail sláinte agus sábháilteacht tiománaithe agus a gcuid custaiméirí.	Forbraíodh treoirilínte i gcomhar leis an RSA agus leis an HSA i dtaca le saincheisteanna faoi shábháilteacht ar bhóithre, fearacht uaireanta oibre agus tuirse tiománaithe.
8.D Dul i dteagmháil leis an tionscal maidir le saincheisteanna comhlíonta agus gníomhú i leith gach faisnéise infhíoraithe a fhaightear i dtaca leis na saincheisteanna sin.	051 Cinntiú go mbíonn ball foirne comhlíonta i láthair ag gach cruinniú náisiúnta agus réigiúnach d'ionadaithe an tionscail.	Bhí foireann chomhlíonta i láthair ag na cruinnithe ábhartha.
	052 Na bealaí cumarsáide atá ann faoi láthair idir baill an tionscail agus an fhoireann chomhlíonta a chothabháil agus leanúint ar aghaidh den ghníomhú i leith gach smeachán faisnéise infhíoraithe a sholáthraíonn baill an tionscail i dtaca le neamhchomhlíonadh san earnáil SPSV.	Leanann an próiseas i leith faisnéis chomhlíonta ar aghaidh i mbun feidhmiú éifeachtach agus gníomhaíonn an fhoireann chomhlíonta i leith faisnéis infhíoraithe.

CUSPÓIR A DÓ

Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeáin SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas

SPRIOC 9

Leanúint ar aghaidh agus an fháil atá ar líon cuí feithiclí inrochtana a chur chun cinn.

SPRIOC 10

Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann oibreoirí rialacháin agus dea-chleachtas.

SPRIOC 11

Cabhrú le húsáideoirí an tseirbhís is mó a oireann dá gcuid riachtanas a shainaithint.

SPRIOC 12

Leanúint le feachtais phoiblí a reáchtáil le húsáid SPSVanna a chothú agus le feasacht tomhaltóirí ar na tairbhí lena mbaineann oibreoirí ceadúnaithe a mhúscailt.

SPRIOC 13

Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar fhaisnéis infheithicle agus ar fhaisnéis tacaíochta do chustaiméirí.

SPRIOC 14

An uastáille náisiúnta do thacsaithe a shocrú ag leibhéal a chruthaíonn ioncam cóir, agus a dhéanann éileamh a uasmhéadú.

SPRIOC 15

Cabhrú le húsáideoirí seirbhíse a scaoileann seirbhísí SPSV amach ar conradh d'fhonn an méid cuí seirbhíse a dhéanamh amach a theastaíonn dá gcuid riachtanas ar leith.

SPRIOC A NAOI**Leanúint ar aghaidh agus an fháil atá ar líon cuí feithiclí inrochtana a chur chun cinn**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
9.A Leanúint ar aghaidh ag dul sa tóir ar chúnamh airgeadais le tacú le huasghrádú an chabhlaigh reatha inrochtana ionas go mbainfear amach caighdeáin fheabhsaithe feithiclí agus coinne le tabhairt isteach caighdeán nua AE i leith feithiclí in 2012 agus níos faide ar aghaidh.	053 Leanúint den idirchaidreamh leis an Roinn Iompair maidir leis an uasghrádú cabhlaigh a theastaíonn, faoi mar a leagtar amach in RIA an Choimisiúin, <i>Inrochtaineacht ar Sheirbhísí SPSV a Fheabhsú</i> (<i>‘Improving Accessibility to SPSV Services’</i>), Deireadh Fómhair 2009.	Teagmháil coinnithe leis an Roinn Iompair maidir leis an iarratas ar chúnamh airgeadais.
	054 Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na bhfeithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí agus é a fhoilsiú gach trí mhí agus comhairle a chur ar chomhpháirtithe beartais faoi fhorbairtí.	Cuirtear an Rialtas agus comhpháirtithe ábhartha eile beartais ar an eolas faoi athruithe ar bith ar an gcabhlach le himeacht na haimsire.
9.B Dul i dteagmháil le hiompórtálaithe agus le tionairí feithiclí agus le húdaráis eile ábhartha le feachtas ar na caighdeáin nua a chothú.	055 Faisnéis a thabhairt go rialta do na páirtithe sin atá i gconradh gníomhach leis an gCoimisiún.	Coinníodh i dteagmháil agus cuireadh faisnéis ar fáil.
	056 Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt níos fairsinge i dtionscal na bhfeithiclí i mbaile is i gcéin trí thaighde a dhéanamh agus trí bheith i láthair ag imeachtaí ábhartha.	Eolas faighte d'athbhreithniú an Choimisiúin ar chaighdeáin feithicle trí fhorbairtí ní b'fairsinge.
9.C Faisnéis a chur ar fáil d'oibreoirí ionas go dtéann siad i dtaithí ar na próisis formheasa le haghaidh feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí agus cabhrú leo feithiclí a roghnú a bhaineann na caighdeáin a theastaíonn amach.	057 An suíomh gréasáin a nuashonrú go rialta faoi riachtanais theicniúla na bhfeithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí agus freagairt ar fhiosrúcháin.	Riachtanais faisnéise teicniúla á soláthar ar bhonn leanúnach.
9.D Oibriú leis an tionscal d'fhonn a chinntiú go bhfuil cothromaíocht níos fearr idir an t-éileamh ar sheirbhísí inrochtana agus soláthar na seirbhísí sin, faoi mar a leagtar amach in RIA an Choimisiúin, <i>Inrochtaineacht ar Sheirbhísí SPSV a Fheabhsú</i> , Deireadh Fómhair 2009.	058 Cur le páipéar taighde ar iompar comhtháite inrochtana agus ar thionchair – bain leas as mar cháipéis mholta do na gníomhaireachtaí ábhartha.	Páipéar taighde curtha i gcrích.
	059 Breathnú ar fheabhsúcháin ghearrthearma ar chlár na bhfeithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí, e.g. teicneolaíocht GPS le hiarratais faisnéise a mheaitseáil le seirbhísí áirithe.	Páipéar taighde ar theicneolaíocht le soláthar agus éileamh a mheaitseáil.

SPRIOC A DEICH

Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann oibreoirí rialacháin agus dea-chleachtas

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
10.A Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal agus ar cháilíocht an tsoláthair sheirbhíse ag oibreoirí feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí trí rúnsiopadóireacht agus trí mhodhanna eile.	060 Cothabháil le déanamh ar rúnsiopadóireacht de réir na mbuiséad agus na n-acmhainní bainistíochta a bheidh ar fáil.	Machnamh déanta ar thoradh na rúnsiopadóireachta ag féachaint do chúrsaí beartais agus do chúrsaí comhlíonta.
10.B Leanúint le freagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil ar gach moladh agus gearán.	061 An próiseas i leith láimhsiú gearán ó úsáideoirí SPSV faoi alt 51 a chothabháil.	Déantar an próiseas gearán faoi alt 51 a riar agus a bhainistiú de réir na nósanna imeachta.
	062 Straitéis forfheidhmithe le machnamh a dhéanamh ar fhorbairt próifílithe oibreora de réir sonraí comhlíonta atá ar fáil.	Machnamh déanta ar indéantacht próifílithe oibreora.

SPRIOC A HAON DÉAG**Cabhrú le húsáideoirí an tseirbhís is mó a oireann dá gcuid riachtanas a shainaithint**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
11.A Faisnéis do thomhaltóirí a chur ar fáil d'fhonn feasacht ar conas oibreoir ceadúnaithe a roghnú a mhéadú.	063 Rochtain tomhaltóirí ar an gclár náisiúnta oibreoirí SPSV a fheabhsú tríd an rochtain ar líne a fhorbairt, faoi mar a shonraítear i nGníomh 042.	Rochtain ar líne ar an gclár náisiúnta ar fáil.
	064 Machnamh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochta soghluaiste le rochtain ar fhaisnéis chlár phoiblí a cheadú.	Páipéar indéantachta déanta.
11.B Fianaise chuí a thabhairt do shealbhóirí ceadúnais feithicle i leith stádas a gceadúnais, lena n-áirítear teastas ceadúnais SPSV agus diosaí dobhearnaithe, ar chóir dóibh a thaispeáint ar mhaithe le faisnéis do thomhaltóirí agus le cuspóirí comhlionta.	065 Soláthar tráthúil cáipéisí faoi cheadúnú feithiclí a chinntiú.	Deimhniú agus cáipéisí ceadúnaithe dhaingin tugtha do shealbhóirí ceadúnais.
11.C Leanúint ar aghaidh agus cártaí oiriúnacha aitheantais a thabhairt do thiománaithe ceadúnaithe SPSV, ar chóir dóibh a thaispeáint ar mhaithe le faisnéis do thomhaltóirí agus le cuspóirí comhlionta.	066 Cártaí aitheantais tiománaithe a eisiúint chuig gach sealbhóir ceadúnais tiomána SPSV tráth na hathnuachana nó arna n-iarraidh, faoi mar a shonraítear i nGníomh 021.	An próiseas i leith aitheantas tiománaithe déanta de réir caighdeáin agus rialuithe seirbhíse.
11.D Leanúint le teastais cheadúnais a chur ar fáil d'oibreoirí ceadúnaithe seachadta.	067 Deimhniú cuí ceadúnais a eisiúint chuig oibreoirí seachadta.	Deimhniú eisithe chuig oibreoirí seachadta ceadúnaithe.
11.E Fáil phoiblí ar shonraí teagmhála oibreoirí ceadúnaithe seachadta a chur ar fáil, ar mhaithe le háirithint roimh ré agus le seirbhís níos fearr do chustaiméirí a éascú.	068 Clár oibreoirí seachadta ar líne a fhorbairt agus a chothabháil.	Clár oibreoirí seachadta ar líne leagtha amach.
11.F Imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar faisnéise faoi shuíomh agus faoi áiseanna stadanna tacsaithe ar fud na hÉireann.	069 Togra agus plean um chur i bhfeidhm a réiteach le haghaidh forbairt agus cothabháil leanúnach ar chlár náisiúnta stadanna tacsaithe.	Clár náisiúnta stadanna tacsaithe a fhoilsiú mar an gcéim thosaigh de sholáthar faisnéise.
11.G Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí cuí le soláthar faisnéise faoi sheirbhísí SPSV ag móracomhail iompair agus ag pointí eile rochtana a fheabhsú.	070 Soláthar faisnéise dea-chleachtais a chur ar fáil ag roinnt suíomhanna taispeána (acomhail iompair nó stadanna aonair tacsaithe).	Suíomhanna taispeána faoi chomharthaíocht leagtha amach.
	071 Soláthar faisnéise dea-chleachtais a éascú i ndáil le seirbhísí SPSV ag soláthróirí iompair, údaráis áitiúla agus páirtithe ar bith eile a bhfuil suim acu.	Comhairle a thabhairt faoi sholáthar comharthaíochta dea-chleachtais do pháirtithe a bhfuil suim acu agus comharthaíocht shamplach a chur ar fáil más cuí.

SPRIOC A DÓ DHÉAG

Leanúint le feachtais phoiblí a reáchtáil le húsáid SPSVanna a chothú agus le feachtas tomhaltóirí ar na tairbhí lena mbaineann oibreoirí ceadúnaithe a mhúscailt

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
12.A Meáin réigiúnacha agus eile a úsáid le seirbhísí áitiúla agus le sainseirbhísí SPSV a chur chun cinn ar bhealach réamhghníomhach agus éifeachtach laistigh de na hacmhainní ar a bhfuil fáil.	072 An feachtas fógraíochta atá ann faoi láthair a bhaineann leas as bealaí áitiúla na meán a chothabháil, ar feitheamh cúrsaí buiséid agus tosaíochtaí eile oibriúcháin.	Cothabháil déanta ar an bhfeachtas áitiúil spriodhíthe fógraíochta de réir na mbuiséad atá ar fáil.
12.B Faisnéis faoi chaighdeán fheabhsaithe agus faoi phrósís tacaíochta a scaipeadh, d'fhonn an úsáid a bhaintear as seirbhísí SPSV a uasmhéadú.	073 Plean cumarsáide a fhorbairt le tacú le cur chun cinn feabhsúchán leanúnach ar chaighdeán SPSV.	Plean cumarsáide curtha i gcrích agus tionscanta.

SPRIOC A TRÍ DÉAG

Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar fhaisnéis infheithicle agus ar fhaisnéis tacaíochta do chustaiméirí

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
13.A Faisnéis infheithicle do chustaiméirí a nuashonrú ar bhonn leanúnach.	074 Athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis infheithicle do chustaiméirí i gcomhréir le hAthbhreithniú ar Tháillí 2010, faoi mar a shonraítear i nGníomh 079.	Athbhreithniú ar fhaisnéis infheithicle do chustaiméirí curtha i gcrích.
	075 Machnamh a dhéanamh ar níos mó feabhsúchán ar fhaisnéis infheithicle do chustaiméirí le freastal ar shainriachtanais inrochtaineachta.	Riachtanais faisnéise sainaitheanta.
13.B Cinntiú go leanann an líne ghutháin faisnéise do thomhaltóirí ag cur comhairle inrochtana, ábhartha agus thráthúil ar fáil.	076 Cinntiú go bhfanann soláthar faisnéis tomhaltóra ar an líne náisiúnta tacaíochta ábhartha agus tráthúil (feic Gníomh 043).	Monatóireacht agus nuashonrú déanta ar sholáthar faisnéis tomhaltóra de réir riachtanais faisnéis tomhaltóra, chaighdeán an tionscail agus forbairtí rialála.
13.C Faisnéis do thomhaltóirí a chur ar fáil trí leas a bhaint as gach meán cuí (mar shampla, trí theicneolaíocht shoghluaiste, trí shuíomhanna gréasáin, nó trí chomhfheachtais faisnéise agus feachtas le comhlachtaí eile den earnáil phoiblí).	077 Meastóir táillí ar líne a sheoladh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.	Meastóir táillí ar líne leagtha amach.
	078 Machnamh a dhéanamh ar réimse fairsing bealaí cumarsáide mar chuid d'fhorbairt plean cumarsáide.	Úsáid éifeachtach as bealaí cumarsáide leagtha amach le tacú le dáileadh faisnéise ar thomhaltóirí, ar feitheamh an bhuiséid atá ar fáil.

SPRIOC A CEATHAIR DÉAG

An uastáille náisiúnta do thacsaithe a shocrú ag leibhéal a chruthaíonn ioncam cóir, agus a dhéanann éileamh a uasmhéadú

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
14.A Athbhreithniú a dhéanamh ar an uastáille náisiúnta do thacsaithe gach dhá bhliain, ar a laghad.	079 An t-athbhreithniú sceidealaithe ar an uastáille náisiúnta do thacsaithe a chur i gcrích in 2010, i dteannta sainchomhairliúchán tacaíochta agus anailís ar thionchar rialála.	Sainchomhairliúchán agus anailís ar thionchar rialála curtha i gcrích agus cinneadh déanta i dtaca leis an uastáille náisiúnta do thacsaithe do 2010–2012.
14.B Feasacht phoiblí gur uastáille i an táille a mhéadú, d'fhonn iomaíochas cuí praghaís a spreagadh ar mhaithe le hoibreoírí agus le tomhaltóirí araon (lena n-áirítear leas a bhaint as lascainiú agus as bearta eile le héileamh breise a mhúscailt).	080 Machnamh a dhéanamh ar fheachtas feasachta mar chuid den chlár um fheasacht tomhaltóirí (feic Gníomh 043).	Tús curtha le gníomhartha oiriúnacha, má shainithnítear iad.
14.C Machnamh a dhéanamh ar bhearta le dul i ngleic le hinacmhainneacht le haghaidh grúpaí éagsúla SPSV, go háirithe nuair is dócha gurb ann d'éileamh nach bhfuil freastal á dhéanamh air.	081 Taighde ar fhóirdheontais úsáideora agus ar thacaíochtaí eile in earnálacha coibhéiseacha iompair i mbaile agus i gcéin a nuashonrú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghrúpaí féideartha úsáideora nach bhfuil ag baint leasa as seirbhísí SPSV faoi láthair.	Páipéar taighde nuashonraithe.
14.D Dul i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí le deiseanna a shainithint le taisteal maoinithe SPSV a chur ar fáil do dhaoine atá i dteideal é a fháil.	082 Comhoibriú le hoifigí an NTA agus na Roinne Iompair d'fhonn bealaí le fóirdheontais a thabhairt isteach a shainithint i rith shaolré <i>Ráiteas Straitéise 2010–2014</i> an Choimisiúin.	Teagmháil déanta le páirtithe ábhartha.

SPRIOC A CÚIG DÉAG

Cabhrú le húsáideoirí seirbhíse a scaoileann seirbhísí SPSV amach ar conradh d'fhonn an méid cuí seirbhíse a dhéanamh amach a theastaíonn dá gcuid riachtanas ar leith

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
15.A Dul i dteagmháil le ceannaitheoirí mórsála seirbhísí SPSV san earnáil phoiblí le cabhrú leo táscairí cáilíochta agus rogha a shainithint.	083 Seisiún faisnéise a réachtáil leis na ceannaitheoirí is mó seirbhísí SPSV san earnáil phoiblí le ceanglais rialála agus táscairí caighdeáin a nuashonrú.	Iidir trí agus ceithre sheisiún faisnéise seolta gach bliain leis na comhlachtaí ábhartha san earnáil phoiblí.
15.B Faisnéis phoiblí a chur ar fáil faoi oibreoírí a sholáthraíonn caighdeáin seirbhíse níos airde (ar nós scéim moltaí d'oibreoírí nó aitheantas poiblí eile gur sáraíodh foschaighdeáin ar bhonn comhsheasmhach).	084 Machnamh a dhéanamh ar fhaisnéis phoiblí a chur ar fáil ar oibreoírí ardchaighdeáin mar chuid d'aon scéim dhámhachtainí d'oibreoírí den scoth, faoi mar a shonraítear i nGníomh 089.	Athbhreithniú déanta ar an tsamhail um sholáthar faisnéise.

CUSPÓIR A TRÍ

An dearbhú cáilíochta le haghaidh
úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse
a chur chun feabhais

SPRIOC 16

Cinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn
le seirbhís chuí a chur ar fáil ag gach tiománaí SPSV.

SPRIOC 17

Machnamh a dhéanamh ar thabhairt isteach meicníochta le cáilíocht
a chinntiú d'fhonn rogha níos feasaí a chumasú i measc tomhaltóirí.

SPRIOC 18

Leanúint leis na catagóirí éagsúla SPSV a chur chun cinn d'oibreoirí
agus d'úsáideoirí.

SPRIOC A SÉ DÉAG

Cinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn le seirbhís chuí a chur ar fáil ag gach tiománaí SPSV

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
16.A Leanúint ar aghaidh agus an clár um fhorbairt leanúnach scileanna agus deimhniú scileanna a chur chun cinn d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil agus do leibhéil níos airde de sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ag gach sealbhóir ceadúnais.	085 Ábhair forbartha scileanna a chothabháil agus a nuashonrú de réir mar is gá. Cinntiú go dtacaíonn an clár le sealbhóirí ceadúnais i dtaca le soláthar seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí agus leanúint ar aghaidh ag cur faisnéise ar fáil faoi phleanáil gnó, faoi sheirbhís do chustaiméirí agus faoi shláinte agus sábháilteacht tiománaithe agus custaiméirí go háirithe.	An dara heagrán den phacáiste oiliúna i leith forbairt scileanna a eisiúint i lár 2010 de réir Ghníomh 023.
	086 Glacadh luath an chláir thástála scileanna a spreagadh i measc na dtiománaithe atá ann faoi láthair in 2010 trí spreagthaí luatha a chur chun cinn (e.g. an chéad tástáil saor in aisce).	An tionscal curtha ar an eolas trí nuachtlitir ráithiúil agus trí thairbhí eile an ghlactha luaith.
	087 Leagan eile d'aitheantas tiomána a thabhairt isteach a léiríonn go soiléir d'úsáideoir na seirbhíse gur deimhníodh an tiománaí tríd an gclár scileanna.	Cárta eile aitheantais tiomána tugtha isteach do thiománaithe deimhnithe.
16.B Sainoiliúint bhreise a chur chun cinn do limistéir áirithe sheirbhíse – mar shampla, oibreoirí feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí.	088 Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna oiliúna atá á gcur ar fáil do sholáthróirí gairmiúla iompair nó do thionscail seirbhíse lena mbaineann.	Taighde curtha i gcrích agus togra tosaigh do ghnéithe breise oiliúna déanta.

SPRIOC A SEACHT DÉAG

Machnamh a dhéanamh ar thabhairt isteach meicníochta le cáilíocht a chinntiú d'fhonn rogha níos feasaí a chumasú i measc tomhaltóirí

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
17.A Imscrúdú a dhéanamh ar bhunú clár Oibreoir na Bliana nó scéim dá shamhail.	089 Scéim eiseamlárach a fhorbairt le haghaidh breithniú.	Scéim forbartha agus plean um chur i bhfeidhm formheasta.
17.B Cur chuige idirnáisiúnta agus riachtanais tacaíochta a shainaithint do chóras marc cáilíochta don earnáil SPSV, agus machnamh a dhéanamh ar chóras dá shamhail a thabhairt isteach in Éirinn.	090 Taighde leanúnach a chur i gcrích agus roghanna i leith tástáil indéantachta a shainaithint.	Forbairt déanta ar pháipéar.
17.C Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara eile ag a bhfuil sainchúram um chur chun cinn cáilíochta á roinnt acu (ar nós Fháilte Éireann) le comhoibriú le tionscnaimh chuí.	091 Liosta tosaigh gníomhaireachtaí ábhartha a shainaithint agus cruinnithe taiscéalaíochta a reáchtáil.	Bunachar sonraí de chórais ábhartha caighdeán in Éirinn le forbairt agus naisc forbartha le gníomhaireachtaí freagracha.

SPRIOC A HOCHT DÉAG

Leanúint leis na catagóirí éagsúla SPSV a chur chun cinn d'oibreoirí agus d'úsáideoirí

GNÍOMHARtha ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARtha TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
18.A Leanúint ar aghaidh agus gach catagóir a chur chun cinn do sheirbhísí ó dhoras go doras agus lasmuigh d'uaireanta seirbhíse.	092 Cinntiú go bhfuil cur chun cinn gach catagóire SPSV san áireamh sa chlár um fheasacht tomhaltóirí, agus aird áirithe ar nádúr ar leith seirbhísí limisín; cur chun cinn seirbhísí SPSV mar an soláthróir iompair ó dhoras go doras agus úsáid SPSVanna do dhaoine faoi mhíchumas.	Clár um fheasacht tomhaltóirí leagtha amach le dul i ngleic le gach catagóir agus le breisluach ar leith na hearnála SPSV.
18.B Úsáid a bhaint as ceadúnais fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí a spreagadh, d'fhonn an fháil ar sheirbhísí ag daoine faoi mhíchumas agus ag a bhfuil sainriachtanais eile a uasmhéadú.	093 Dul i dteagmháil le soláthróirí iompair agus beartais níos fairsinge (e.g. eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí pobail) le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i seirbhísí iompair ó dhoras go doras do na húsáideoirí seo.	Teagmháil tosaigh déanta leis an earnáil.
18.C Cinntiú go ndéantar rialú cuí ar chatagóir na limisíní agus go dtacaítear léi go cuí, ionas go ndéantar freastal ar an éileamh ar sheirbhísí searmanais agus ardghradaim.	094 Athbhreithniú a dhéanamh ar shainriachtanais na hearnála limisíní de réir athbhreithnithe níos fairsinge (feic Gníomhartha 006 agus 095).	Tuairisc a thabhairt ar na caighdeáin agus ar na rialuithe atá leagtha amach faoi láthair agus moltaí a dhéanamh le dearbhú agus le comhlíonadh tomhaltóirí a fheabhsú.
18.D Leanúint ar aghaidh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin feithicle d'fhonn a chinntiú go ndéanann SPSVanna freastal ar riachtanais úsáideoirí i láthair na huaire agus amach anseo.	095 Athbhreithniú agus sainchomhairliúchán tosaigh a dhéanamh ar chaighdeáin feithicle, idir chinn reatha agus chinn bheartaithe (go 2012).	Athbhreithniú tosaigh curtha i gcrích agus machnamh déanta ar na leasuithe féideartha ar na caighdeáin atá ann.

CUSPÓIR A CEATHAIR

Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn

SPRIOC 19

Rannpháirtíocht chuí le páirtithe leasmhara a chinntiú agus príomhchaidreamh a bhainistiú ar bhealach éifeachtach cuiditheach.

SPRIOC 20

Cinntiú go mbíonn príomhchinntí feasach ar ionchur páirtithe leasmhara.

SPRIOC 21

Bealaí cuí a bhunú agus a chothú do shainchomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le tomhaltóirí an tionscail.

SPRIOC 22

Leanúint ar aghaidh agus sonraí mar aon le faisnéis inmheánach agus sheachtrach lena mbaineann an tionscal SPSV a bhailiú.

SPRIOC 23

Cinntiú go n-áirítear seirbhísí SPSV atá i gcroílár na samhla iompair phoiblí i gcruthú beartas agus pleanála níos fairsinge iompair.

SPRIOC A NAOI DÉAG**Rannpháirtíocht chuí le páirtithe leasmhara a chinntiú agus príomhchaidreamh a bhainistiú ar bhealach éifeachtach cuiditheach**

GNÍOMHARHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
19.A Caidreamh a chothabháil le comhlachtaí eile beartais a mbaineann a sainchúram le rialú SPSVanna agus lena gcomhcheangal sa ghréasán níos fairsinge iompair phoiblí.	096 Plean idirchaidrimh le páirtithe leasmhara a fhorbairt faoi dheireadh na bliana 2011.	Cruinnithe a eagrú agus teagmháil a dhéanamh, faoi mar a shonraítear sa Phlean.
	097 Moltaí a dhéanamh faoi shainchomhairliúcháin thábhachtacha agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí.	Moltaí curtha faoi bhráid na réimsí ábhartha beartais.
19.B Pointí teagmhála, ar nós sheoladh ríomhphoist agus shuíomh gréasáin an Choimisiúin a bhainistiú, ionas gur féidir le páirtithe leasmhara idirghníomhú a dhéanamh maidir le saincheisteanna seirbhíse nó beartais.	098 Pointí teagmhála a chothabháil agus acmhainní a chur ar fáil dóibh de réir na cairte custaiméirí.	Cothabháil déanta ar chaighdeán seirbhíse do theagmháil custaiméirí de réir na cairte custaiméirí.
19.C Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar an tsainfhaisnéis agus ar an tsaintacaíocht a chuireann an tionscal agus na línte gutháin faisnéise do thomhaltóirí ar fáil.	099 Athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar chlár oiliúna in aghaidh ceisteanna coitianta agus réimsí spéise atá ag teacht chun cinn mar chuid de phróisis i leith rialú caighdeán agus athbhreithniú ar chúrsaí seirbhísi.	Faisnéis thráthúil chuí curtha ar fáil agus scóráilte mar chuid den phróiseas um bainistíocht conartha.

SPRIOC A FICHE**Cinntiú go mbíonn príomhchinntí feasach ar ionchur páirtithe leasmhara**

GNÍOMHARHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
20.A Leanúint ar aghaidh agus sainchomhairliúcháin poiblí a dhéanamh maidir le príomh-shaincheisteanna de réir mar is cuí.	100 Tabhairt faoi phróisis sainchomhairliúcháin faoi mar a cheanglaítear in Acht 2003 agus de réir dea-chleachtais.	Sainchomhairliúcháin éifeachtacha dea-deartha phoiblí curtha i gcrích de réir mar ba ghá.
20.B Freagairt phoiblí d'athruithe seirbhíse agus do chur i bhfeidhm beartas a fháiltiú agus a thomhas (mar shampla, trí shuirbhéanna).	101 Straitéis a fhorbairt le suirbhé a dhéanamh ar úsáideoirí seirbhíse i gcomhar le príomhsholáthróirí seirbhíse atá ar conradh.	Próiseas beartaithe tástála ag suíomh amháin seirbhíse agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí d'fhonn an suirbhé a mhéadú thar chroiréimsí seirbhíse.
20.C Iarraidh ar aiseolas ó sheirbhísi agus ó phróisis atá ann faoi láthair d'fhonn feabhas leanúnach agus seirbhísi níos freagrúla a bhaint amach.	102 Bealaí aiseolais a fhorbairt i ngach réimse seirbhíse le haiseolas leanúnach rialta a chinntiú.	Bealaí tosaigh aiseolais a chur i bhfeidhm i ngach réimse seirbhíse agus tuairisc a thabhairt air seo sa tuarascáil bhliantúil.

SPRIOC FICHE A HAON**Bealaí cuí a bhunú agus a chothú do shainchomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le tomhaltóirí an tionscail**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
21.A Oibriú le painéil reatha tomhaltóirí atá dírithe ar sheirbhís iompair nó ar sheirbhís phoiblí d'fhonn comhairliúchán níos éifeachtaí a bhunú le húsáideoirí SPSV.	103 Painéal ábhartha tomhaltóirí a shainaitheint a ionchorpraíonn fócas iompair agus páirt a ghlacadh in aon phróisis sainchomhairliúcháin de réir mar is cuí.	Ionchorpraíonn próisis sainchomhairliúcháin rannpháirtíocht leis an bpainéal sainaitheanta.
21.B Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht le comhlachtaí cláraithe ionadaíocha tionscail.	104 Cruinnithe ráithiúla a eagrú le comhlachtaí náisiúnta ionadaíocha agus cruinnithe leathbhliantúla a eagrú le hionadaithe réigiúnacha.	Cruinnithe eagraithe.
21.C Dul sa tóir ar fhóiréir eile le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ag a bhfuil sainleasanna nó saineolas (ar nós soláthróirí trealamh).	105 Gréasáin ábhartha a shainaitheint agus teagmháil fhoirmiúil a bhunú.	Bunachar sonraí forbartha ina bhfuil soláthróirí nó soláthraithe speisialtóra agus teagmháil coinnte.

SPRIOC FICHE A DÓ**Leanúint ar aghaidh agus sonraí mar aon le faisnéis inmheánach agus sheachtrach lena mbaineann an tionscal SPSV a bhailiú**

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
22.A Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le taighde cuí.	106 Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i bhfóiréir idirnáisiúnta ina bhfuil stádas comhpháirtí nó ballraíochta ag an gCoimisiún.	Páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus teagmháil a dhéanamh de réir mar a ligeann na hacmhainní.
22.B Cinntiú go bhfuil sonraí dóthanacha ag an gCoimisiún lenár gcuid oibre a chur ar an eolas trí leanúint ar aghaidh agus sonraí á mbailiú agus ag oibriú le comhlachtaí eile a dhéanann sonraí a bhaineann le hiompar a bhailiú agus a chur i gcomparáid lena chéile.	107 Samhail sonraí agus scaipthe a fhorbairt a chomhcheanglaíonn roinnt sonraí tríú páirtí agus a uasmhéadaíonn próisis inmheánacha, faoi mar a shonraítear i nGníomh 036.	Tugtar tacaíocht do scaipeadh sonraí agus do roinnt sonraí.
	108 Faisnéis a fhoilsiú d'iaratasóirí féideartha le hiad a chur ar an eolas faoi dheiseanna margaídh agus faoi aon fhaisnéis eile ábhartha.	Treoirilínte nua leis an tionscal a iontráil le bheith ar fáil i ngach stáisiún na nGardaí agus i ngach ionad ceadúnaithe.

SPRIOC FICHE A TRÍ

Cinntiú go n-áirítear seirbhísí SPSV atá i gcroílár na samhla iompair phoiblí i gcruthú beartas agus pleanála níos fairsinge iompair

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
23.A Scaipeadh fairsing faisnéise cruinne faoi SPSVanna agus faoi sholáthróirí seirbhíse a éascú.	109 Moltaí a dhéanamh faoi shainchomhairliúcháin thábhachtacha agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí.	Machnamh déanta ar fhaisnéis bheartais a d'fhorbair an Coimisiún trí phróisis ní b'fhairsinge.
23.B Comhoibriú leis an NTA le straitéisí agus le gníomhartha beartais a shainaitheint a uasmhéadóidh an leas a bhaineann an pobal as SPSVanna.	110 Grúpa oibre a fhorbairt i gcomhar leis an NTA le suíomh sárthaispeántais a fhorbairt ina n-ionchorpraítear seirbhísí SPSV ag móracomhal roghnaithe iompair.	Céim an deartha a shainaitheint agus a dhéanamh don mhóracomhal roghnaithe iompair.
23.C Oibriú leis an earnáil inrochtaineachta le cur chuige a fhorbairt i leith úsáid SPSVanna le freastal ar riachtanais iompair a gcliant.	111 Moladh a fhorbairt faoi conas a d'fhéadfaí SPSVanna a úsáid níos mó le riachtanais inrochtana iompair a bhaint amach.	Moladh curtha faoi bhráid na gcomhlachtaí ábhartha beartais faoi chomhcheangal níos fearr seirbhísí SPSV leis an iompar inrochtana.
23.D Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht leis an gCoiste Inrochtaineachta ar Iompar Poiblí ('Public Transport Accessibility Committee'), leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus le dreamanna eile déanta beartas.	112 Páirt a ghlacadh i gcuinnithe coiste agus i mbeartais agus i sainchomhairliúcháin ábhartha.	An méid rannpháirtíochta agus is féidir.
23.E Oibriú leis an earnáil dheonach agus le hearnáil an phobail le réitigh chuí iompair a fhorbairt.	113 Páipéar taighde a fhorbairt ar chomhcheangal níos fearr SPSVanna le seirbhísí deonacha agus le seirbhísí pobail agus tionscnaimh luatha a shainaitheint.	Páipéar réitithe.

CUSPÓIR A CÚIG

Comhcheangal seirbhísí SPSV leis an gcóras
níos leithne iompair phoiblí a chur chun cinn

SPRIOC 24

Dul i dteagmháil le comhlachtaí ábhartha agus réitigh
chomhtháite iompair á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm.

SPRIOC 25

Úsáid treoirlínte maidir le stadanna tacsaithe an Choimisiúin
ag gach móracomhal iompair a chur chun cinn.

SPRIOC FICHE A CEATHAIR

Dul i dteagmháil le comhlachtaí ábhartha agus réitigh chomhtháite iompair á bpleanáil agus á bhforbairt

GNÍOMHARHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
24.A Buntáistí lena mbaineann tacsaithe a chur chun cinn, bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.	114 Cinntiú go gcomhcheanglaíonn gach RIA anailís idirnáisiúnta.	Ionchorpraíonn gach anailís nó dearadh ábhartha dea-chleachtas idirnáisiúnta.
	115 Cáipéis bheartais a réiteach faoi luach SPSVanna ó thaobh an bheartais phoiblí agus an iompair de.	Cáipéis curtha ar fáil.
24.B Féachaint le tacsaithe a ionchorprú i dticéadú comhtháite a luaithe a bheidh an córas ina bhealach bunaithe iocaíochta sa ghréasán níos fairsinge iompair.	116 Teagmháil a choinneáil leis an rannóg ábhartha den NTA.	Cruinnithe eagraithe le hoifig an Tionscadail um Thicéadú Comhtháite le huainiú cuí a dhéanamh amach.
24.C Feasacht ar fhaisnéis a chur chun cinn ag acomhail iompair phoiblí le seirbhísí SPSV tacsáí, fruilchairr, limisín agus feithicle oiriúnaí do chathaoir rothaí a chur in áirithe.	117 Treoirilnte a fhorbairt ina bhfuil faisnéis ábhartha rialála, oibreora agus tomhaltóra lena húsáid ag pointí rochtana le haghaidh seirbhísí SPSV.	Leabhrán caighdeánach faisnéise réitithe.
24.D Treoir a thabhairt d'údarás áitiúla agus do lucht pleanála iompair maidir le ceisteanna lena mbaineann SPSVanna.	118 Pointe idirchaidrimh a chur ar fáil le haghaidh fhiosrúcháin na n-údarás áitiúil faoi phleanáil faoi choinne seirbhísí SPSV.	Próiseas idirchaidrimh leagtha amach.
	119 Treoirilnte náisiúnta maidir le stadanna tacsaithe a réiteach agus úsáid i measc údarás áitiúla agus i measc páirtithe leasmhara ábhartha eile a chur chun cinn.	Treoirilnte foilsithe agus acmhainní leagtha amach le tacaíochtaí tionscnaimh agus le tionscnaimh chomhairleacha a chur ar fáil.

SPRIOC FICHE A CÚIG

Úsáid treoirínite maidir le stadanna tacsaithe an Choimisiúin
ag gach móracomhal iompair a chur chun cinn

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
25.A Iarraidh go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le gach ceist chuí lena mbaineann pleanáil.	120 Comhoibriú leis an NTA le sainchomhairliúchán ar riachtanais SPSV a chinntiú d’aon phleanáil shainaitheanta ina bhfuil baint ag soláthar iompair phoiblí.	Glacann an Coimisiún páirt i sainchomhairliúcháin ábhartha, ar feitheamh na n-acmhainní atá ar fáil.
25.B Moltaí a dhéanamh maidir le mórthionscadail bhonneagair, trí oifigí an NTA agus go díreach araon.	121 Fanacht ar an eolas faoi thionscadail ábhartha agus moltaí a eagrú de réir mar is cuí.	Moltaí curtha faoi bhráid an NTA, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile pleanála.
	122 Machnamh a dhéanamh ar indéantacht bunú ciste um fhorbairt stadanna tacsaithe.	Cead iarrtha ar scéim bhuiséid chaipitil agus deontais tacaíochta.

Na gníomhartha a thacaíonn le cumas an Choimisiúin spriocanna a bhaint amach

CUSPÓIR

Eagraíocht a chothabháil a ndéantar bainistiú gairmiúil orthu, a bhfuil struchtúr agus acmhainní éifeachtúla fúthu agus a bhfuil foireann thiomanta ardoilte acu atá an-dírthe ar bhaint amach straitéis agus chuspóirí an Choimisiúin

SPRIOC 26

Leanúint ar aghaidh ag teacht chun cinn mar eagraíocht ghairmiúil.

SPRIOC 27

Cinntiú go gcoinnítear struchtúr barrmhaitheasa eagraíochta agus neart acmhainní d'fhonn riachtanais inmheánacha agus sheachtracha a bhaint amach.

SPRIOC 28

Foireann an-tiomanta ardoilte atá an-dírthe ar bhaint amach straitéis agus chuspóirí an Choimisiúin.

SPRIOC 29

Úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus as próisis chuí le héifeachtacht eagraíochta a choinneáil agus a fheabhsú níos mó agus sárchaighdeán chorpáideacha rialachais a choinneáil.

SPRIOC FICHE A SÉ

Leanúint ar aghaidh ag teacht chun cinn mar eagraíocht ghairmiúil

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
26.A Cinntiú go gcuirtear próisis chothroma i leith bainistíocht daoine i bhfeidhm go comhsheasmhach tríd an eagraíocht.	123 Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha i leith acmhainní daonna a fhorbairt a sholáthraíonn treoirlinnte comhsheasmhacha i mbainistiú na foirne uile sa Choimisiún.	Lámhleabhair foirne ar fáil don fhoireann uile.
	124 Beartais agus nósanna imeachta i leith acmhainní daonna a nuashonrú ar bhonn leanúnach le hathruithe ar bith a chur in iúl (e.g. athruithe reachtaíochta agus ciorcláin).	Nuashonrú déanta ar an beartais ar bhonn leanúnach.
	125 De réir dea-chleachtais, cinntiú go nglacann bainisteoirí úinéireacht ar bheartais agus ar nósanna imeachta i leith acmhainní daonna agus go bhfuil siad comhsheasmhach ina gcur i bhfeidhm agus ina léirmhíniú.	Forbairt agus úsáid as struchtúr an choiste bainistíochta mar an bhfóram um dhéanamh cinntí.
	126 Oideachas agus oiliúint leanúnach don lucht bainistíochta ar shaincheisteanna acmhainní daonna agus ar chur i bhfeidhm beartas.	Tabhairt isteach oiliúint tacaíochta do bhainisteoirí ar phríomhréimsí beartais. Forbairt leanúnach ar threoirlinnte bainistíochta i leith acmhainní daonna le tacú le bainisteoirí i gcur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta i leith acmhainní daonna.
26.B Cinntiú go n-oibríonn ár bhfoireann i dtimpeallacht oibre atá tacúil, deas agus sábháilte.	127 Tacaíocht a thabhairt do sholáthar leanúnach timpeallacht shábháilte oibre agus beartais agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt i leith rialú sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.	Déantar athbhreithniú ar bheartas sláinte agus sábháilteachta agus cuirtear oiliúint chuí ar fáil.
		Forbairt agus tabhairt isteach beartais maidir le tiomáint chuig an ionad oibre. Forbairt ról Bainisteoir Dualgais agus prótacal tacaíochta.
	128 Déantar an timpeallacht oibre a chothabháil de réir riachtanais oibriúcháin.	Timpeallacht oibre go breá.
26.C Cinntiú go bhfuil an comhionannas agus an éagsúlacht i lár cúrsaí i mbainistíocht acmhainní daonna sa Choimisiún.	129 Forbairt beartas cuí agus cur ar fáil oiliúna.	Oiliúint dínite agus mheasa a chur ar fáil don fhoireann uile.
		Teagmhálaí tacaíochta a cheapadh laistigh den eagraíocht.

SPRIOC FICHE A SEACHT

Cinntiú go gcoinnítear struchtúr barmhaitheasa eagraíochta agus neart acmhainní d'fhonn riachtanais inmheánacha agus sheachtracha a bhaint amach

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
27.A Dóthain creatlacha i leith cur ar fáil acmhainní a chothabháil le spriocanna straitéiseacha, le spriocanna agus le pleananna gníomhaíochta an Choimisiúin a bhaint amach.	130 Tuarascálacha rialta ar leibhéil sholáthair foirne a thabhairt don Roinn Iompair.	Moltaí faoi chur ar fáil acmhainní agus faoi riachtanais scileanna curtha faoi bhráid na gcomhlachtaí ábhartha de réir mar ba chuí le dóthain saináireamh a chothabháil d'fhonn sainchúram an Choimisiúin a bhaint amach.
	131 Athbhreithniú barmhaith a dhéanamh ar struchtúir agus ar phróisis eagraíochtúla le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht a fheabhsú in aghaidh <i>Phlean Gníomhaíochta 2011–2011</i>.	Croíróil sainaitheanta agus próifil riachtanach scileanna forbartha don eagraíocht.
27.B Comhcheangal rathúil leis an NTA laistigh de shaolré straitéis 2010–2014.	132 Grúpa oibre leis an NTA a bhunú le machnamh a dhéanamh ar struchtúir eagraíochtúla agus ar impleachtaí acmhainní daonna an chomhcheangail.	Ceacht tosaigh scópála curtha i gcrích agus sineirgí agus riachtanais i leith cur ar fáil acmhainní sainaitheanta le haghaidh comhcheangail.
		Plean comhtháite tionscadail agus plean cumarsáide foirne forbartha agus tionscanta.

SPRIOC FICHE A HOCHT

Foireann an-tiomanta ardoilte atá an-dírthe ar bhaint amach straitéis agus chuspóirí an Choimisiúin

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
28.A Cinntiú go bhfanann bealaí inmheánacha cumarsáide ar oscailt ag gach leibhéal agus go mbaintear leas iomlán as scileanna agus as inniúlachtaí na foirne.	133 Cúrsaí cumarsáide agus próisis i leith déanamh cinntí a fheabhsú.	Gach bealach cumarsáide foirne a chothabháil.
		Cinntiú go gcastar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile agus go mbítear ag plé leo go gairmiúil.
		Cinntiú go mbíonn an fhoireann i mbun idirchaidrimh faoi choinne na ngníomhaíochtaí móra uile i leith pleanála agus forbairt beartais.
		Cinntiú go ndéantar bainistiú cuí ar chúrsaí eolais agus go dtiteann aistriú scileanna amach.
28.B Foireann ardoilte a chothabháil agus rochtain chothrom a chinntiú ar dheiseanna cuí oiliúna agus forbartha.	134 Na tacair reatha scileanna san eagraíocht a bhunú agus réimsí saineolais a shainaitheint.	Fardal scileanna a chur i gcrích faoi fhoireann an Choimisiúin faoi láthair.
	135 Plean forbartha agus oiliúna eagraíochtúla a bhunú le cinntiú go mbaintear riachtanais amach go comhsheasmhach cothrom agus luach ar airgead á ghnóthú.	Córas oiliúna agus forbartha rianaithe a fhorbairt le haghaidh bhreithniú an choiste bainistíochta.
28.C Straitéis uileghabhálach oiliúna agus forbartha a fhorbairt a nasctar le riachtanais an ghnólaigh le cinntiú go bhfuil deiseanna ar fhorbairt scileanna ag gach ball foirne.	136 Na croíghnéithe a shainaitheint a theastaíonn le tacú le soláthar straitéise cuimsithí oiliúna agus forbartha.	Tús curtha leis an tionscadal.
28.D Timpeallacht a chabhróidh le cúrsaí foghlama a chothú.	137 Cuirfear forbairt leanúnach bainistíochta ar fáil trí oiliúnú agus trí thionscnaimh roghnacha oiliúna agus forbartha le tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí i mbaint amach na sprice seo.	Oiliúnú leanúnach curtha ar fáil do bhainisteoirí líne de réir mar ba ghá.
		Tacaíocht agus oiliúint tugtha do bhainisteoirí de réir mar ba ghá.
		Deiseanna tugtha do bhainisteoirí maidir le haiseolas dhá bhealach leis an bhfoireann.
28.E Soiléireacht bhreise a thabhairt do bhaill foirne i dtaca lena ról agus lena gcuid oibre i mbaint amach chuspóirí an Choimisiúin.	138 Ta an fhoireann láneolach ar chuspóirí straitéiseacha agus ar phleananna gníomhaíochta an Choimisiúin agus ar conas a dhéanann siad a gcuid ina mbaint amach.	Próiseas pleanála feidhmíochta agus aiseolais a dhearadh leis an bpróiseas i leith pleanáil gnó a chur in iúl, chomh maith lena nasc le cuspóirí bliantúla gach baill foirne.
		Oiliúint curtha ar gach ball foirne agus ar gach bainisteoir i dtaobh úsáid an chórais.
		An chéim i leith phleanáil feidhmíochta an phróisis curtha i gcrích.
28.F Cinntiú go dtugann na bainisteoirí tacaíocht dá bhfoireann agus go ndéanann siad iad a fhorbairt.	139 Tugtar oiliúint do bhainisteoirí leis an bhfoireann a shoiléiriú faoina ról agus faoina gcuid oibre, le cúnamh a thabhairt don fhoireann le pleananna gnó rannóige a nascadh le pleananna aonair agus le haiseolas a thabhairt i dtaobh deiseanna feidhmíochta agus forbartha.	Nuashonrú déanta ar phleanáil feidhmíochta agus ar phróisis aiseolais.

SPRIOC FICHE A NAOI

Úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus as próisis chuí le héifeachtacht eagraíochta a choinneáil agus a fheabhsú níos mó agus sárchaighdeán chorpáraideacha rialachais a choinneáil

GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL DO 2010–2014	GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA DO 2010–2011	SPRIOCANNA DO 2010–2011
29.A Comhlíonadh leanúnach na gcaighdeán corparáideach rialachais a chinntiú.	140 Comhairle a chur ar an lucht bainistíochta agus ar an bhfoireann gach bliain faoi chóid iompraíochta a bhaineann le comhlachtaí poiblí agus cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm iad ar fud na heagraíochta.	Comhairle curtha ar an lucht bainistíochta agus ar an bhfoireann gach bliain.
	141 Tacú le feidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus rialuithe tacaíochta airgeadais agus buiséid agus iad a chothabháil.	Tacaíochtaí iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh curtha ar fáil agus rialuithe leagtha amach.
	142 Bainistíocht riosca agus próisis i leith pleanáil teagmhais a chothabháil le haghaidh próisis chriticiúla agus oibriochtaí inmheánacha.	Acmhainní curtha ar fáil do phróisis agus cothabháil déanta orthu.
	143 Cinntiú go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar gach Conradh seachfhoinisithe de réir na creatlaí um bainistíocht conartha an Choimisiúin.	Bainistiú déanta ar chonarthaí agus athbhreithnithe ráithiúla déanta i measc na mbainisteoirí sinsearacha.
	144 Próisis riachtanacha soláthair agus próisis soláthair dea-chleachtais a chomhlíonadh i ngach réimse.	Gach seirbhís nó táirge faighte de réir na bpróiseas soláthair dea-chleachtais.
	145 Leanúint ar aghaidh ag forbairt córas dea-chleachtais IT le soláthar an Chláir Náisiúnta Cheadúnas, scrúduithe agus cothromaíochtaí éifeachtacha comhlíonta, riachtanas tuairiscithe inmheánaigh, córais éifeachtúil éirim ghnó agus cleachtas éifeachtúil inmheánach oibre a chinntiú.	Baineann córais IT riachtanais iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh amach.
	146 An clár sócmhainní a chothabháil agus a nuashonrú.	Cothabháil déanta ar an gclár sócmhainní de réir na riachtanas iniúchta.
29.B Tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn a chur ar fáil in aghaidh an Ráitis Straitéise.	147 Tuarascálacha a thabhairt don Aire Iompair dhá uair sa bhliain de réir an chóid rialachais do chomhlachtaí reachtúla.	Tuarascálacha curtha ar fáil.
	148 Ráiteas Dheireadh na Bliana, Ráiteas Aschuir agus Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn in aghaidh ár gcuspóirí straitéiseacha gach bliain.	Tuarascálacha ábhartha foilsithe do 2010 agus 2011.
29.C Athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus measúnú a dhéanamh ar acmhainní go rialta.	149 Cinntiú go ndéantar measúnú rialta ar na gníomhaíochtaí reatha agus ar leithdháileadh acmhainní le tosaíochtaí daingne a bhaint amach trí phróisis i leith pleanáil gnó agus pleanáil acmhainní.	Creatlach i leith bainistíocht acmhainní leagtha amach agus comhlíonta.
	150 Athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus ar na cuspóirí straitéiseacha gach dhá bhliain le tacú le réiteach pleananna gníomhaíochta.	Tá Plean Gníomhaíochta 2012–2013 á réiteach.

Gluais

An Chomhairle Chomhairleach – bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe faoi Chuid 4 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 chun comhairle a chur ar an gCoimisiún i ndáil le cúrsaí a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSVanna).

ANPR – Sainaitheant Uathoibríoch Uimhirphláta

An Coimisiún – an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe, comhlacht neamhspleách poiblí a bunaíodh faoin Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003, atá freagrach as rialáil tacsaithe, fruilmharranna agus limisíní. Tabhair faoi deara go dtagraíonn na téarmaí ‘an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe’, ‘Coimisinéir’ agus ‘an Rialálaí Tacsaithe’ don aonán céanna, agus go n-úsáidtear in áit a chéile iad go minic.

Oibreoir seachadta – duine a ghlacann le háiritheintí do sheirbhísí SPSV a chuireann duine eile ar fáil, agus a eagraíonn soláthar na seirbhíse a cuireadh in áiritheintí le hoibreoir nó le tiománaí na feithicle.

Clár oibreoirí seachadta – clár d’oibreoirí seachadta a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn.

Cártaí aitheantais tiománaithe – cárta mór taispeántais agus cárta cliste a shainaitheant sealbhóir ceadúnas tiomána SPSV. Bíonn an cárta mór ar taispeánt ar dheais an SPSV; cuireann sé pictiúr den tiománaí, a (h)uimhir cheadúnais, agus dáta éaga an cheadúnais ar fáil do phaisinéirí san fheithicil. Taispeánann an taobh eile den chárta, a bhíonn dírithe i dtreo an ghaothscátha, an contae ina bhfuil ceadúnas ag an tiománaí bheith ag lorg fruilithe nó seasamh chun a f(h)ruilithe i dtacsáí. Caithfidh na tiománaithe SPSV ar fad cárta cliste a bheith acu nuair atá siad ag oibriú mar thiománaí SPSV. Féadfaidh oifigigh forfheidhmithe an cárta a iarraidh agus a sheiceáil le gléasanna láimhe, agus is bealach freisin é do chustaiméirí an tiománaí a aithint ag an bpointe bailithe.

Clár ceadúnas tiomána – clár de na tiománaithe uile SPSV a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn, a chothaíonn an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe.

Ríomh-Rialtas – úsáid an Rialtais agus gníomhaireachtaí Rialtais as teicneolaíocht faisnéise le hidirchaidreamh a dhéanamh le saoránaigh agus le tomhaltóirí seirbhísí Rialtais.

GPS – Córas Suite Domhanda.

Fruilmharr – SPSV nach gceadaítear a oibriú ach sa chás go gcuirtear in áiritheintí roimh ré é; ní cheadaítear é a úsáid chun bheith ag lorg fruilithe ar an tsráid ná seasamh ag stadanna tacsaithe. Caithfear an táille a chomhaontú leis an gcustaiméir roimh ré. Níl cead ag fruilmharranna lánáí bus a úsáid.

HSA – Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Achomaireacht reachtaíochta – Achomaireacht lena mbaineann gach rialachán ábhartha SPSV do sholáthróirí agus do thomhaltóirí seirbhíse. Léiríonn an téacs staid reatha na reachtaíochta sa dóigh gur baineadh aon fhorálacha cúlghairthe agus gur ionadaíodh aon fhorálacha leasaithe. Cé go mbítear an-chúramach i réiteach na hachomaireachta, ní mór a chur san áireamh nach cáipéis dlí é an foilseachán seo agus ná tuigtear gur léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht ábhartha atá ann.

Limisín – SPSV nach gceadaítear a oibriú ach sa chás go gcuirtear in áiritheintí roimh ré é; ní cheadaítear é a úsáid chun bheith ag lorg fruilithe ar an tsráid ná seasamh ag stadanna tacsaithe. Caithfear an táille a chomhaontú leis an gcustaiméir roimh ré. Níl cead ag limisíní lánáí bus a úsáid. Caithfidh stíl agus bail limisín a bheith oiriúnach d’úsáidí searmanais, corparáideacha nó d’úsáidí ardghradaim eile.

Uastáille Náisiúnta do Thacsaithe – Socraíonn an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe uastáillí d’fheithiclí fruilithe phoiblí, do thacsaithe agus do thacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí. Seo a leanas a bhfuil i gceist le struchtúr na dtáillí a bhaineann leis an uastáille náisiúnta do thacsaithe:

- Táille thosaigh;
- Táille do thaisteal breise bunaithe ar an bhfad a thaistealaítear nó ar an am a ghlactar agus arna ríomh thar tharaifí grádaithe;
- Táille phréimhe i rith amanna áirithe agus ar laethanta áirithe; agus
- Táillí breise, de réir mar is gá.

An Clár Náisiúnta Ceadúnas – faoi alt 38 den Acht um Rialáil Tacsaithe, tá ceanglas ar an gCoimisiún clár náisiúnta ceadúnas a choinneáil. Tá trí chlár faoi leith ann i láthair na huaire – clár na SPSVanna a bhfuil ceadúnas acu (clár feithiclí), clár na dtiománaithe SPSV a bhfuil ceadúnas acu (clár tiománaithe), agus clár na n-oibreoirí seachadta a bhfuil ceadúnas acu (clár oibreoirí seachadta). Cuireann an Coimisiún eolas faoi na cláir seo ar fáil do ghníomhaireachtaí cuí forfheidhmithe nuair a iarrtar é d’fhonn comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú.

NTA – An tÚdarás Iompair Náisiúnta.

Creatlach rialála – corp reachtaíochta agus rialachán atá ábhartha d'oibriú sa tionscal.

RIA – Anailís ar Thionchar Rialála.

RSA – An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Alt 36 – Foráiltear le halt 36 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003, arna leasú leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006 agus leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, córas uathoibríoch dícháilithe maidir le hiarratas ar cheadúnas tiomána nó ar cheadúnas feithicle SPSV nó le seilbh ar cheadúnas tiomána nó ar cheadúnas feithicle SPSV i leith daoine a ciontaíodh i gceann amháin as réimse cionta sainithe tromchúiseacha mar a leagtar síos i bhfo-alt 1, lena n-áirítear dúnmharú, dúnorgain agus cionta éagsúla gnéis, gáinneála drugaí agus eile.

Alt 44(5) – Forordaítear in alt 44(5) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 an pionós a ghearradh ar dhuine atá ciontach as cion faoi alt 36(6).

Gearáin alt 51 – Leagann alt 51 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 oibleagáid ar an gCoimisiún nós imeachta le gearáin a dhéanamh a chur ar bun. De bhua alt 51, déanfaidh an Coimisiún machnamh ar ghearáin ón bpobal mór, ó úsáideoirí SPSVanna agus ó dhaoine a bhfuil ar intinn acu SPSV a úsáid i dtaobh an mhéid seo a leanas:

- Bail agus glaineacht feithicle;
- Béas agus iompraíocht tiománaí SPSV;
- Gearradh praghsanna ró-ard agus cineálacha eile aighnis faoi chúrsaí táille; agus
- Cúrsaí a bhaineann le fruiú SPSV.

Clár Forbartha Scileanna – clár nua forbartha scileanna agus tástála do thiománaithe SPSV agus d'oibreoirí seachadta.

Feithicil bheag seirbhíse poiblí (SPSV) – feithicil a bhfuil ceadúnas aici suas le hochtar paisinéirí atá ag íoc táille a iompar. Úsáidtear an téarma chun cur síos a dhéanamh ar thacsaithe, ar thacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí, ar fhruilcharranna, ar fhruilcharranna oiriúnacha do chathaoir rothaí agus ar limisíní.

Ceadúnas tiomána SPSV – an ceadúnas a theastaíonn chun SPSV a thiomáint.

Sealbhóir ceadúnais SPSV – an duine ar eisíodh aon cheann de na trí chatagóir leathana de cheadúnais SPSV dó/di – ceadúnas feithicle, ceadúnas tiomána, nó ceadúnas oibreoir seachadta.

Diosca dobhearnaithe ceadúnais – diosca a ghreamaítear d'fhuinneoga cúil agus tosaigh SPSV a bhfuil ceadúnas aici. Léiríonn na dioscaí sonraí cláraithe na feithicle, an uimhir cheadúnais SPSV, dáta éaga an cheadúnais SPSV, agus líon na bpaisinéirí atá ceadaithe san fheithicil faoin gceadúnas. Fanann na dioscaí ansin do thréimhse iomlán an cheadúnais SPSV. Tá an diosca sofheicthe ag paisinéirí agus ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe laistigh agus lasmuigh d'fhuinneoga cúil agus tosaigh na feithicle. Tá sé deacair é a aistriú, a chóipeáil nó a bhrionnú mar gheall ar hologram agus ar ardghnéithe slándála a bhaineann leo.

Tacsaí – SPSV a cheadaítear a úsáid chun fruiú a lorg nó chun seasamh ag stad tacsaithe nó a chuirtear in áirithint roimh ré nó a ghlaoitear air.

Ceadúnas feithicle – an ceadúnas a theastaíonn chun feithicil a úsáid mar SPSV.

Clár ceadúnas feithiclí – clár a chothaíonn an Coimisiún de na SPSVanna ar fad a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn.

Fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí – catagóir nua SPSV; leagtar an tsonraíocht di amach sa cháipéis, *Caighdeán Náisiúnta Feithiclí* (National Vehicle Standards) de chuid an Choimisiúin a foilsíodh i Samhain 2007.

Tacsaí oiriúnach do chathaoir rothaí – tacsaí a chomhlíonann sonraíochtaí breise feithicle ionas gur féidir le daoine i gcathaoireacha rothaí an tacsaí a úsáid.

Acht 2003 – An tAcht um Rialú Tacsaithe, 2003 (Uimh. 25 de 2003).

AGUISÍN 1

An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe faoi Acht 2003. Cathaoirleach agus 17 mball a cheapann an tAire Iompair a bhíonn ar an gComhairle. Is í feidhm na Comhairle comhairle a thabhairt don Choimisiún nó don Aire Iompair, de réir mar is cuí, i ndáil leis na saincheisteanna is ábhartha do SPSVanna agus dá gcuid tiománaithe.

Féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach comhairle a thairiscint don Choimisiún nó don Aire. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún nó an tAire comhairle na Comhairle a iarraidh i ndáil le réimsí nó saincheisteanna faoi leith.

Féadfaidh an Coimisiún nó an tAire, de réir mar is cuí, comhairle na Comhairle a bhreithniú faoi Acht 2003, ach níltear faoi cheangal déanamh dá réir.

Déanann an Chomhairle ionadaíocht do na nithe a leanas:

- Leasanna tiománaithe agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí;
- Daoine faoi mhíchumas;
- An Garda Síochána;
- Leasanna tomhaltóra;
- Údaráis áitiúla;
- Leasanna gnó;
- Saineolas speisialtóra; agus
- Leasanna turasóireachta.

Baill na Comhairle Comhairlí (amhail Márta 2010)

An tUasal Pat Byrne, Iar-Choimisinéir na nGardaí,
Cathaoirleach

An tUasal Frank Moore, Cónaidhm Tiománaithe
Tacsaithe na hÉireann

An tUasal Peter Rodgers, SIPTU

An tUasal James Connolly, Aontas Náisiúnta na
dTíománaithe Tacsáí

An tUasal Christopher Humphrey, Cumann Náisiúnta
um Fhrúiliú agus Tacsáí Príobháideach

An tUasal Tom Fannin, Cumann Náisiúnta na nGíománach
Gluaisteáin

An tUasal Michael Kilcoyne, Comhlachas Tomhaltóirí
na hÉireann

An tUasal Noreen Mackey, an tÚdarás Iomaíochta

An tUasal Donie O'Shea, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais

An tUasal John Rice, Cumann Tráchtála na hÉireann

An tUasal Douglas Jordan, Fáilte Éireann

An tUasal Al Ryan, Cónaidhm na nÓstán Éireannach

An tUasal Joe MacGrath, Cumann na mBainisteoirí Contae
agus Cathrach

An tUasal Michael Rowland, an tÚdarás um Shábháilteacht
ar Bhóithre

An tUasal Derek McGovern, Cumann Úinéirí na
gCuideachtaí Tacsáí

An tUasal Brian Killeen, Iompar agus Lóistíocht

An tArd-Cheannfort Cornelius G. McIntyre, Biúró
Náisiúnta Bheartas Tráchtála an Gharda Síochána

An tUasal Kathleen Diamond, Gnáthbhall.

